

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA CLÁR

RÉAMHRÁ

Déantar na Téarmaí agus Coinníollacha Clár seo a ionchorprú i ngach Conradh Coimisiúnaithe Cláir agus, dá bharr sin, tá siad ina gceangal ar Léiritheoirí a dhéanann conarthaí den sórt sin le TG4. Déantar na focail agus na frásaí a úsáidtear sna Téarmaí agus Coinníollacha Clár seo a shainmhíniú i gclásal 26.

1. LÉIRIÚ AN CHLÁIR AGUS AN ROGHA CHUN COIMISIÚNÚ A DHÉANAMH

1.1 Geallann an Léiritheoir an Clár a léiriú ar Tháille na gCeart de réir fhorálacha an Chomhaontaithe agus de réir an chóirithe agus an Sceidil Léiriúcháin agus geallann an Léiritheoir an tÁbhar Seachadta a Sheachadadh ar TG4 faoin Dáta Seachadta. Is iad Táille na gCeart agus an Cothromas Inghnóthaithe le chéile an Buiséad.

1.2 Áireoidh an Clár na hEilimintí Riachtanacha agus léireofar é sna Suímh agus sna Stiúideonna a shonraítear (más ann) sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir de réir na Sonraíochtaí Teicniúla.

1.3 Ní dhéanfar aon ionadú ná athrú ar aon cheann d'Eilimintí Riachtanacha an Chláir ná ar aon chonradh le haon duine atá ainmnithe mar Eilimint Riachtanach, ná ní bhainfear aon ní astu, gan cead a fháil roimh ré ó TG4.

1.4 Beidh sé de rogha ag TG4 clár (cláir) eile/sraith/díorthach atá bunaithe ar an gClár a choimisiúnú ar théarmaí a bheidh le comhaontú de mheon macánta idir an Léiritheoir agus TG4 ar choinníoll nach bhfuil aon oibleagáid ar TG4 coimisiúnú a dhéanamh mar a dúradh agus go ndéanfar aon choimisiúnú den sórt sin a rialú le comhaontú ar leithligh a dhéanfar idir na páirtithe. Más mian le TG4 coimisiúnú a dhéanamh mar a dúradh, déanfaidh sé gealltanais i bprionsabal ina leith sin laistigh de 12 mhí ón dáta a ndéantar an Clár a chraoladh den chéad uair. I gcás nach ndéanfaidh TG4 clár leantach (cláir leantacha) a choimisiúnú i ndáil leis an gclár/sraith, cuirfidh an Léiritheoir creidiúint deiridh, is é sin, "arna fhorbairt i gcomhar le TG4", san áireamh in aon chlár/sraith a choimisiúnóidh tríú páirtí ar clár/sraith é/í a bheidh bunaithe ar an gClár. Déanfaidh TG4, roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí sin, fógra a thabhairt don Léiritheoir i dtaobh an bhfuil cinneadh cinntitheach déanta ag TG4 gan an Clár a athchoimisiúnú.

2. BUISÉAD, SREABHADH AIRGID AGUS CÓMHAOINIÚCHÁN

2.1 Faoi réir téarmaí an Chomhaontaithe a bheith comhlíonta agus ar choinníoll nach mbeidh aon Teagmhas Mainneachtana tar éis tarlú, geallann TG4 an céatadán den Bhuiséad a shonraítear mar chéatadán atá iníoctha tráth sínithe an Chomhaontaithe a íoc leis an Léiritheoir tráth sínithe an Chomhaontaithe agus an t-iarmhéid a íoc de réir an Sceidil Sreabhaidh Airgid.

2.2 Ní dhlífidh TG4 aon suimeanna a íoc de bhun an Sceidil Sreabhaidh Airgid más rud é nach mbeidh an Léiritheoir tar éis tuarascálacha faoi chostais a sholáthar agus mionsonraí faoin gcaiteachas go léir iontu suas go dtí an dáta iomchuí, mar aon le meastacháin mhionsonraithe ar na costais go dtí tráth críochnaithe an Chláir agus cóip de na ráitis iomchuí maidir leis an gCuntas Léiriúcháin.

2.3 Ní bheidh an tráthchuid deiridh a shonraítear sa Sceideal Sreabhaidh Airgid iníoctha go dtí go mbeidh seachadadh sásúil an Ábhair Seachadta ar fad faighte ag TG4, mar aon leis na ráitis deiridh ar chostais, cóipeanna de ráitis bhainc, agus iad comhréitithe agus ceadaithe, agus aon doiciméid eile a shonraítear sa Chomhaontú.

2.4 Barántaíonn an Léiritheoir go n-áiríonn an Buiséad costais forbartha chomhaontaithe más cuí sin, maille le costais dhíreacha uile an Chláir atá ceadaithe ag TG4 agus figiúr forchostais arb é atá ann ná céatadán de na costais 'os cionn na líne' thuas agus áireoidh sé táille léiriúcháin de réir chlásal 5 chomh maith le táillí árachais agus táillí dlí agus táillí agus teagmhais eile de réir chlásail 6, 7, 8 agus 9 agus gur leor é chun a chumasú don Léiritheoir an Clár a chríochnú agus chun é a sheachadadh ar TG4 de réir na n-oibleagáidí a nglacann sé leo sa Chomhaontú.

2.5 Chun amhras a sheachaint, is é atá sa dáta íocaíochta forordaithe chun críoche an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002) ná an dáta a mbeidh an Léiritheoir tar éis téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe a chomhlíonadh go hiomlán.

2.6 Má shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir go bhfuil foinsí eile maoiniúcháin ina gcuid den phlean maoiniúcháin don Chlár, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas chomh maith:

2.6.1 Barántaíonn an Léiritheoir go bhfuil maoiniúchán faighte aige ó na foinsí eile maoiniúcháin ("Cómhainitheoir(i)") de réir na méideanna a dtugtar mionsonraí fúthu sa phlean maoiniúcháin sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir agus go ndéanfar an maoiniúchán Cómhainitheora a thaisceadh agus a choimeád sa Chuntas Léiriúcháin agus go sealbhófar ar iontaobhas é do TG4 agus don Chómhainitheoir de réir na gcionta ina ndearna siad cistí a airleacan isteach sa Chuntas Léiriúcháin.

2.6.2 Déanfaidh an Léiritheoir cóip den chonradh idir an Léiritheoir agus an Cómhainitheoir a sholáthar do TG4 a luaithe a bheidh sé sínithe. I gcás ina gcinnfidh TG4 amhlaidh, measfar gurb ionann aon sárú ar an gcomhaontú sin agus sárú faoin gComhaontú rud a thabharfaidh teidlíocht do TG4 an Comhaontú a fhoirceannadh.

2.6.3 Ní dhéanfar aon athrú ar an gcomhaontú (ar na comhaontuithe) Cómhainitheora gan toiliú a fháil ó TG4 roimh ré. I gcás ina bhfuil aon neamhréireacht ann idir téarmaí an Chomhaontaithe agus téarmaí an chomhaontaithe (na gcomhaontuithe) Cómhainitheora, beidh forlámhas ag téarmaí an Chomhaontaithe, d'ainneoin go mbeidh cóip den chomhaontú (de na comhaontuithe) sin tugtha do TG4.

2.6.4 Má shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir go mbeidh maoiniúchán Léiritheora ina chuid den phlean maoiniúcháin don Chlár, barántaíonn an Léiritheoir go ndéanfar maoiniúchán an Léiritheora a thaisceadh agus a choimeád sa Chuntas Léiriúcháin.

2.6.5 Má bhíonn Údarás Craolacháin na hÉireann ina Chómhainitheoir, aontaíonn an Léiritheoir go bhfuil an ceart ag TG4 riachtanais tarchurtha nó riachtanais eile Údarás Craolacháin na hÉireann a bhfuil feidhm acu ó am go ham maidir le Clár atá á chómhainiú ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chomhlíonadh.

2.6.6 Gan dochar don oibleagáid Seachadadh a dhéanamh faoin Dáta Seachadta, más i ndiaidh an Dáta Seachadta a dhéantar an Clár a Sheachadadh ar TG4 cuirfear moill ar dhátaí ar bith a aontaítear leis na Cómhainitheoirí maidir le coinneáil siar agus maidir leis an gcéad dáta ar féidir le TG4/Cómhainitheoirí a gcearta faoi seach a chur i bhfeidhm dá réir.

2.6.7 Comhaontuithe Ilbhliantúla: Gan dochar d'aon chearta eile atá ag TG4 faoin gCómhaontú ilbhliantúil, i gcás ina dtagann aon laghdú ábhartha ar an maoiniúchán a chuirtear ar fáil do TG4 i rith théarma aon Chomhaontú Ilbhliantúil den sórt sin, forchoimeádann TG4 an ceart chun leas a bhaint as an nós imeachta seo a leanas:

(i) Déanfaidh TG4 fógra i scríbhinn a thabhairt don Léiritheoir maidir leis an laghdú ábhartha ar a maoiniúchán agus déanfaidh an Léiritheoir aon ghníomh(artha) feabhais a éilíonn TG4 i scríbhinn a chur i gcrích agus/nó aontóidh an Léiritheoir le haon leasuithe ar an gCómhaontú ilbhliantúil lena mbaineann chun cumasú an Comhaontú ilbhliantúil a choimeád i bhfeidhm de réir téarmaí leasaithe.

(ii) I gcás nach mbeidh an gníomh feabhais sin curtha i gcrích ag an Léiritheoir, agus/nó nach mbeidh aontú leis na leasuithe sin tugtha ag an Léiritheoir, laistigh de 8 (ocht) seachtaine ón dáta a bhfaightear an fógra, beidh TG4 i dteideal fógra 8 (seachtaine) i scríbhinn faoi fhoirceannadh an chomhaontaithe ilbhliantúil lena mbaineann a sheirbheáil ar an Léiritheoir agus ní bheidh aon dliteanas eile aige faoin gCómhaontú ilbhliantúil sin, lena n-áirítear dliteanas i leith íocaíochta, ón dáta foirceanta sin ar aghaidh.

3. AN CUNTAS LÉIRIÚCHÁIN

3.1 Bunóidh an Léiritheoir Cuntas Léiriúcháin don Chlár agus déanfar an Clár a shainaithint sa chuntas sin faoina ainm.

3.2 Is i dtaca le léiriú an Chláir, agus i dtaca leis sin amháin, a dhéanfar gach aistarraingt ón gCuntas Léiriúcháin agus déanfar amhlaidh de réir tuarascálacha léiriúcháin a sheachadfaidh an Léiritheoir ar TG4 agus ní údaróidh aon duine iad seachas ionadaí ceadaithe de chuid an Léiritheora nó an tIonadaí Léiriúcháin.

3.3 Eiseoidh an Léiritheoir teoracha dochúlghairthe i scríbhinn chuig an mbanc ina gcoimeádtar an Cuntas Léiriúcháin á cheangal ar an mbanc cóipeanna den

sainordú bainc, de na ráitis bhainc agus de gach doiciméad eile a bhaineann leis an gcuntas a sholáthar do TG4 nó dá Ionadaí Léiriúcháin. Cinnteoidh an Léiritheoir freisin go gceadóidh téarmaí an tsainordaithe bainc don Ionadaí Léiriúcháin fógra a thabhairt don bhanc agus rialú aonair ar chaiteachas ón gCuntas Léiriúcháin a ghabháil air féin. Cinnteoidh an Léiritheoir go ndéanfaidh an banc sin cibé foirm litreach nó cibé daingniú eile a éilíonn TG4 a fhorghníomhú:-

3.3.1 chun a aontú go ndéanfar gach suim a chuirfidh TG4 ar fáil agus/nó a choimeádfar sa Chuntas Léiriúcháin a shealbhú ar iontaobhas do TG4;

3.3.2 chun feidhmiú aon chirt conartha ag an mbanc maidir le fritháireamh a dhéanamh i ndáil le hairgead sa Chuntas Léiriúcháin a eisiamh;

3.3.3 chun a aontú go ndéanfar aon fhaisnéis nó doiciméid atá ag teastáil i ndáil leis an gCuntas Léiriúcháin a sholáthar do TG4 agus/nó dá Ionadaí Léiriúcháin;

3.3.4 chun a aontú go ndéanfar, láithreach tar éis aon iarraidh a fháil ó TG4 nó óna Ionadaí Léiriúcháin, oibriú an Chuntais Léiriúcháin a chur ar fionraí agus nach ndéanfar aon aistarraingtí eile a cheadú gan daingniú sainráite i scríbhinn a fháil ó TG4 nó óna Ionadaí Léiriúcháin.

3.4 Déanfar na suimeanna go léir a chuirfidh TG4 ar fáil agus/nó a choimeádfar sa Chuntas Léiriúcháin a shealbhú ar iontaobhas do TG4 agus déanfar an Cuntas Léiriúcháin a oibriú ar leithligh ó aon chuntas eile de chuid an Léiritheora nó a Chomhlach. Is i dtaca le léiriú an Chláir, agus i dtaca leis sin amháin, a dhéanfar gach aistarraingt ón gCuntas Léiriúcháin agus déanfar amhlaidh de réir an Bhuiséid fhoriomláin agus an Sceidil Sreabhaidh Airgid a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir. Ní thabharfar aon íocaíocht don Léiritheoir nó d'aon Chomhlach de chuid an Léiritheora ach amháin mar a fhoráiltear go sainráite sa Bhuiséad. Gan dochar d'aon chearta atá ag TG4 faoin dlí nó faoin gComhaontú, beidh aon saoráidí nó seirbhísí airgid nach mbaintear úsáid astu go hiomlán de réir na forála seo inaisíoctha agus/nó intugtha ar ais do TG4 láithreach ar iad a éileamh.

3.5 Ní dhéanfar aon airgead seachas airgead atá le húsáid i gcomhair léiriú an Chláir a choimeád sa Chuntas Léiriúcháin agus ní cheadóidh an Léiritheoir airgead a bheidh íoctha isteach sa chuntas sin a chóimheascadh le haon airgead eile ar leis an Léiritheoir nó lena Chomhlaigh é nó a aistriú chuig aon chuntas eile de chuid an Léiritheora nó a Chomhlach.

3.6 Admhaíonn an Léiritheoir agus geallann sé go gcuirfidh sé faoi deara nach sócmhainní an Léiritheora iad, ná nach ionann agus sócmhainní an Léiritheora iad, suimeanna a shealbhaítear ó am go ham chun creidiúna an Chuntais Léiriúcháin agus nach mbeidh siad ar fáil ag an Léiritheoir ná ag a chreidiúnaithe i gcás ina dtarlódh scor trádála, féimheacht, leachtú, dócmhainneacht, ceapadh glacadóra nó leachtaitheora nó oifigigh eile maidir leis an Léiritheoir.

4. CONARTHAÍ LÉIRIÚCHÁIN

4.1 Déanfar gach Conradh Léiriúcháin a chur i gcrích de réir na dtéarmaí tráchtála neamhthuilleamaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil le réasún agus beidh foráil iontu lena gceadaítear d'aon pháirtí a ainmneoidh TG4 (amhail ráthóir maidir le críochnú, mar shampla) na cearta go léir is infheidhmithe ag an Léiritheoir de bhun Conarthaí Léiriúcháin den sórt sin a fheidhmiú. Má iarrann TG4 cóipeanna forghníomhaithe d'aon Chonradh Léiriúcháin, beidh sé i dteideal iad sin a fháil laistigh de 14 lá ón iarraidh a dhéanamh.

4.2 Ní rachaidh an luach saothair is iníoctha de bhun na gConarthaí Léiriúcháin thar na méideanna a leithroinntear sa Bhuiséad agus ní bheidh sé iníoctha roimh an dáta a shonraítear sa Sceideal Léiriúcháin.

4.3 Maidir le táillí athchraolta, iarmharacha nó ataispeána, is ceart gur nithe eisceachtúla ar fad iad agus is ceart iad a fhorchoimeád do thaibheoirí agus do scríbhneoirí gairmiúla atá ina mbaill de Actors' Equity, den Musicians Union agus den Society of Irish Playwrights, agus dóibh sin amháin, más rud é go ndéantar foráil i gcomhaontuithe, arna ndéanamh idir TG4 agus na heagraíochtaí gairme sin, maidir le táillí iarmharacha den sórt sin a íoc.

4.4.1 Beidh an Fhoireann Léiriúcháin go léir agus úinéirí gach cirt cóipchirt agus gach cirt eile in aon ábhar litríochta, drámaíochta, ceoil, ealaíne nó eile, nó maidir leis, a úsáidtear nó a léirítear i ndáil leis an gClár tar éis gach ceart den sórt sin a shannadh don Léiritheoir d'fhonn saothrú an Chláir a cheadú gan aon íocaíocht bhreise i ngach meán ar aon mhodh nó ar aon slí ar fud an domhain go suthain mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt le TG4.

4.4.2 Beidh an Fhoireann Léiriúcháin go léir agus úinéirí gach cirt cóipchirt agus gach cirt eile in aon ábhar litríochta, drámaíochta, ceoil, ealaíne nó eile, nó maidir leis, a úsáidtear nó a léirítear i ndáil leis an gClár tar éis tarscaoileadh dochúlghairthe gan choinníollacha a dhéanamh ar gach ceart morálta a d'fhéadfadh na daoine sin a bheith ina dteideal faoi aon reachtaíocht atá ar marthain faoi láthair nó a achtófar amach anseo in aon chuid den domhan agus, i leith na gcearta a dheonaítear do TG4 faoin gComhaontú, beidh deonú dochúlghairthe gan choinníollacha faighte ag an Léiritheoir agus ag a chomharbaí, a shannaithe agus a cheadúnaithe, nó ag a gcomharbaí, a sannaithe agus a gceadúnaithe, maidir le gach toiliú, cead agus ceadúnas ó thaibheoirí agus eile a cheanglaítear a fháil de bhun aon dlíthe in aon chuid den domhan i ndáil leis an gClár.

4.5 Maidir le gach duine a dtaispeántar a n-ainmneacha, a bpictiúir nó a mbeathaisnéisí sa Chlár, beidh a dtailiú tugtha acu le saothrú an Chláir agus an fho-ábhair, an ábhair choimhdigh agus an ábhair mharsantaigh go léir a ionchorpraítear sa Chlár, nó a dhíorthaíonn ón gClár, ar fud an domhain go suthain i ngach meán ar aon mhodh nó ar aon slí gan aon íocaíocht bhreise.

4.6.1 Maidir le gach comhaontú a bhaineann le húsáid aon Ábhair Tríú Páirtí, déanfar iad de réir cibé téarmaí a cheadóidh saothrú an Chláir gan íocaíocht bhreise i

ngach meán ar aon mhodh nó ar aon slí ar fud n domhain go suthain, mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt le TG4. Aontaíonn an Léiritheoir go mbeidh gach comhaontú a bhaineann le húsáid ceoil tráchtála nó aon ábhair eile d'aon chineál sa Chlár faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4 roimh fhorghníomhú.

4.6.2 Gan dochar do chlásal 4.6.1 tá toiliú TG4 de dhíth i leith aon ábhair cartlainne atá le bheith san áireamh i gClár lena mbaineann ré imréitigh shrianta. Ní aontóidh TG4 le ré imréitigh shrianta níos lú ná an Tréimhse Tosaigh Ceadúnais. D'ainneoin go bhféadfadh TG4 aontú le ré imréitigh shrianta d'ábhar cartlainne ar leith le haghaidh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, barántaíonn an Léiritheoir go ndéanfar an t-ábhar cartlainne eile atá sa Chlár sin a imréiteach lena shaothrú gan aon íocaíocht bhreise i ngach meán ar aon mhodh nó ar aon slí ar fud an domhain go suthain.

4.6.3 (i) Gan dochar do chlásal 4.6.1 agus, más rud é, ar bhonn eisceachtúil, gur aontaigh TG4 le ré imréitigh shrianta i leith aon ábhair cartlainne ar leith atá i gClár le haghaidh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, beidh TG4 i dteideal a cheangal ar an Léiritheoir, aon tráth, ré an imréitigh i leith an ábhair cartlainne sin a fhadú chun a chumasú do TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Ceadúnais agus/nó le haghaidh aon tréimhse ceadúnais ina dhiaidh sin.

(ii) Déanfaidh TG4 cistí a chur ar fáil don Léiritheoir chun íoc as na táillí leathnaithe ceadúnais ábhair cartlainne a mhuirearaíonn sealbhóir na gceart iomchuí ábhair cartlainne i leith an imréitigh breise i leith an ábhair cartlainne sin

(iii) Más rud é, ar chúiseanna maithe inléirithe, agus d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha an Léiritheora de mheon macánta, nach bhfuil an Léiritheoir in ann socrú a dhéanamh maidir leis an imréiteach breise cartlainne sin, cuirfidh an Léiritheoir an méid sin in iúl do TG4 agus déanfaidh an Léiritheoir agus TG4 idirchaidreamh lena chéile de mheon macánta i dtaobh cad é an bealach is fearr chun a chur faoi deara go mbeidh an Clár oiriúnach lena úsáid ag TG4 chun a chumasú do TG4 Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil.

(iv) Ní bheidh an Léiritheoir i dteideal táille a mhuirearú i leith an ama riaracháin a chaith sé le linn a bheith ag gabháil don imréiteach breise cartlainne sin a fháil. Maidir leis na costais a ghabhann le haon atheagarthóireacht ar gá í a dhéanamh ar mhaithe le comhlíonadh cúrsaí imréitigh de bhun an chlásail seo 4.6.3, lena n-áirítear an t-am a chaitheann an Léiritheoir ar an atheagarthóireacht, má mheastar gurb infheidhme sin, déanfar iad a chaibidliú de mheon macánta idir TG4 agus an Léiritheoir ar bhonn gach cáis ar leith.

4.7 Ní dhéanfaidh an Léiritheoir gealltanais a thabhairt i leith chreidiúint TG4 ná ní dhéanfaidh sé é féin a thuairisciú mar ghníomhaire TG4 in aon chuid dá ghnó i ndáil leis an gClár ná i slí eile.

4.8 Cinnteoidh an Léiritheoir go n-áireofar sna Conarthaí Léiriúcháin do gach pearsa aonair a liostaítear a n-ainmneacha mar Eilimintí Riachtanacha foráil á cheangal orthu, faoi réir aon réamhghéalltanais gairmiúil atá curtha in iúl acu, 2 láithreas phearsanta an duine a dhéanamh ag cibé imeachtaí a ainmneoidh TG4 agus

a bhaineann le fógraíocht agus/nó le poiblíocht don Chlár, gan aon táille ach sin faoi réir TG4 d'aisíoc a gcaiteachas réasúnach réamhcheadaithe agus faoina réir sin amháin. Ar iarratas ó TG4, feidhmeoidh an Léiritheoir cearta conarthacha an Léiritheora lena áirithiú go láithreoidh na pearsana aonair iomchuí go léir i bpearsa ag na himeachtaí sin go léir a ainmneoidh TG4.

4.9 Déanann an Léiritheoir tairbhe iomlán na gConarthaí Léiriúcháin go léir, mar aon le gach athnuachan, frithdhílse agus fadú, a shannadh do TG4 ar feadh na tréimhse iomláine cóipchirt agus más féidir go suthain d'fhonn na cearta a dheonaítear do TG4 a fheidhmiú. Tá freagracht ar an Léiritheoir i gcónaí i ndáil lena oibleagáidí i leith na gConarthaí Léiriúcháin a chomhlíonadh .

5. TÁILLE LÉIRIÚCHÁIN

5.1 Faoi réir chlásail 5.2 agus 5.3, beidh an Léiritheoir i dteideal an Táille Léiriúcháin a asbhaint agus a choimeád as suimeanna ar cuid den Bhuiséad iad de réir na dtráthchodanna agus ar na dátaí a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir de réir Sceideal an tSreabhaidh Airgid.

5.2 Admhaíonn an Léiritheoir go ndearnadh an Táille Léiriúcháin a shonraítear a ríomh go cothrom faoi threoir líon áirithe fachtóirí athraitheacha lena n-áirítear méid na hoibre arna déanamh do TG4 ó am go ham ag an Léiritheoir, aon ranníoc airgeadais arna dhéanamh ag an Léiritheoir i gcomhair an Chláir, castacht, fad agus scála an Chláir agus tionscnóir an choincheapa don Chlár.

5.3 Ní bheidh an Léiritheoir i dteideal aon chuid den Táille Léiriúcháin a fháil mura bhfuil forálacha chlásal 2.2 comhlíonta aige.

5.4 Ní bheidh an chuid deiridh d'aon Táille Léiriúcháin iníoctha go dtí go mbeidh gach ítim dá dtagraítear i gclásal 2.3 faighte ag TG4 agus, más rud é nach seachadtar na hítimí sin ar TG4, aisíocfaidh an Léiritheoir le TG4, ar éileamh uaidh, gach suim a íocadh leis an Léiritheoir ar mhodh Táille Léiriúcháin.

6. ÁRACHAS

6.1 Geallann an Léiritheoir go ndéanfaidh sé árachas caighdeánach léiriúcháin a chur i bhfeidhm maidir leis an gClár de réir Théarmaí agus Choinníollacha Cláir. Beidh an ceart ag an Léiritheoir páirt a ghlacadh in aon scéim chuimsitheach árachais léiriúcháin a shocróidh TG4 ó am go ham ach beidh sé saor gan páirt a ghlacadh i scéim den sórt sin ar choinníoll go bhfaighidh an Léiritheoir clúdach inchomórtais ar phréimh inchomórtais agus beidh na nithe sin, i ngach cás, faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4. Déanfar an costas a ghabhann le gach préimh árachais cheadaithe a chur san áireamh sa Bhuiséad.

6.2 Déanfaidh an Léiritheoir clúdach árachais leordhóthanach a chur i bhfeidhm don Chlár maidir le foireann, claonchló, stoc/téip lochtach, fearas, láithreáin, feistis, trealamh, caiteachas breise, damáiste do mhaoin tríú páirtí, ábhair oifige mar aon le cibé árachas eile a éileoidh TG4 le réasún nó a éilítear le dlí (lena n-áirítear árachas i

leith earráidí agus neamhghníomhartha de réir mar is infheidhme) agus dliteanas ginearálta i leith cibé méideanna is gá chun clúdach iomlán a sholáthar do TG4 maidir le gach suim a airleacfaidh TG4 i ndáil leis an gClár.

6.3 I ngach polasaí árachais a bhaineann leis an gClár, déanfar leas TG4 a nótáil mar áreachaí ainmnithe agus íocaí i gcás caillteanais.

6.4 Déanfar cóipeanna de gach doiciméad i ndáil le polasaithe árachais a chur ar fáil do TG4, má éilítear amhlaidh, agus íocfaidh an Léiritheoir gach préimh i ndáil le polasaithe árachais agus tabharfaidh an Léiritheoir fógra do TG4 faoi aon éileamh a bhaineann le haon pholasaí árachais agus ní shocrófar aon éileamh den sórt sin gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4.

6.5 Comhoibreoidh an Léiritheoir go hiomlán le TG4 agus déanfaidh sé gach beart a éileoidh TG4 maidir le haon éileamh árachais. Ní cheadaítear aon fhoráil a bhaineann le haon pholasaí árachais a athrú nó a tharscaoileadh gan toiliú a fháil roimh ré i scríbhinn ó TG4.

7. TÁILLÍ DLÍ

7.1 Geallann an Léiritheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an méid comhairle dlí a bheidh ag teastáil maidir leis an gClár agus gach comhairle dhlí is gá a fháil agus gníomhú go críonna de réir na comhairle sin.

7.2 Sa mhéid gur mó na costais a ghabhann le comhairle dhlí a fháil ná an méid a ndéantar soláthar dó sa Bhuiséad, beidh freagracht ar an Léiritheoir i ndáil leis an gcéanna a íoc as an Táille Léiriúcháin nó as acmhainní eile an Léiritheora.

7.3 Admhaíonn an Léiritheoir nach bhfuil an méid a leithroinntear sa Bhuiséad i gcomhair táillí dlí beartaithe chun soláthar iomlán a dhéanamh do gach táille dhlí a bhféadfadh an Léiritheoir iad a thabhtú. Baineann roinnt de na caiteachais sin le caiteachas ginearálta an Léiritheora maidir leis an gClár agus tá siad iníoctha as an Táille Léiriúcháin agus tá cuid díobh le hÍoc as acmhainní dílse an Léiritheora (amhail táillí dlí maidir le corprú an Léiritheora nó maidir leis an gComhaontú nó maidir le cúnamh i dtaca le ceisteanna ginearálta tionscail).

8. TÁILLÍ COMHLACHAIS TRÁDÁLA

Geallann TG4, i gcomhar leis an Léiritheoir, go ndéanfaidh sé, ó am go ham dá rogha féin, cúnamh réasúnach a thabhairt do chomhlachais trádála maidir le bailiú táillí is iníoctha leo nó lena gcomhaltaí ar choinníoll nach mbeidh táillí den sórt sin ina muirear breise ar an mBuiséad agus, freisin, ar choinníoll go síneoidh an Léiritheoir, agus/nó go gcuirfidh sé faoi deara go síneoidh gach duine iomchuí, gach treoir iomchuí a éileoidh TG4.

9. TEAGMHAIS

Admhaíonn an Léiritheoir nach bhfuil soláthar déanta i Sceideal an tSreabhaidh Airgid d'aon eilimint theagmhasach den Bhuiséad agus nach gcuirfear ar fáil í mura bhfuil gá léi. Más rud é nach bhfuil gá leis an eilimint theagmhasach den Bhuiséad, coimeádfaidh TG4 í ina hiomláine. Geallann an Léiritheoir go ndéanfaidh sé a dhícheall chun caitheamh airgid theagmhasaigh a sheachaint.

10. RÓCHAITHEAMH

10.1 Más rud é, ag aon chéim den léiriúchán, go ndealraíonn sé gur dóigh go rachaidh Costas Léiriúcháin an Chláir thar an mBuiséad nó go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, léiriú an Chláir ar gcúl de réir an Sceidil Léiriúcháin, déanfaidh an Léiritheoir fógra i scríbhinn faoi na sonraí iomchuí go léir a thabhairt láithreach do TG4 agus geallann TG4 bualadh leis an Léiritheoir d'fhonn bealaí a scrúdú chun an staid a réiteach.

10.2 Má bhíonn róchaitheamh iarbhír nó ionchasach ann, déanfaidh an Léiritheoir sonraí iomlána maidir le gach costas a tabhaíodh agus gach dliteanas is dóigh a thabhoífar chun an Clár a chríochnú, mar aon le hathbhreithniú mionsonraithe ar an Sceideal Léiriúcháin agus ar an mBuiséad don Chlár, a ullmhú agus a chur faoi bhráid TG4 agus buailfidh sé le TG4 agus déanfaidh sé de réir na dtreoracha go léir a thabharfaidh TG4 maidir le léiriú an Chláir.

10.3 Íocfaidh an Léiritheoir gach costas agus dliteanas arna dtabhú i ndáil leis an gClár a léiriú agus a Sheachadadh, lena n-áirítear, gan teorainn, an Costas Léiriúcháin agus má thabhaítear aon chostais i ndáil leis an gClár atá os cionn an Bhuiséid ansin, mura luaitear a mhalairt go sainráite sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir, íocfaidh an Léiritheoir an róchaitheamh, sa chéad áit, as an ngearrchaitheamh i réimsí eile den Bhuiséad, agus, sa dara háit, as an Táille Léiriúcháin agus as acmhainní eile an Léiritheora.

10.4 Déanfaidh TG4 breithniú de mheon macánta ar aon iarraidh ón Léiritheoir maidir le cuid den róchaitheamh a mhaoiniú, ar choinníoll gur comhaontaíodh an róchaitheamh roimh ré le TG4. I gcás ina gcomhaontóidh TG4 ranníoc a thabhairt i gcomhair chostas aon róchaithimh, admhaíonn an Léiritheoir go mbeidh an ceart ag TG4 an tslí a shonrú ina ndéanfar an ranníoc sin a aisíoc as fáltais nó as brabúis nó as ioncam eile a gheofar ón gClár.

11. COMHROINNT NA gCOIGILTEAS

11.1 Admhaíonn an Léiritheoir go bhféadfadh sé, i gcás Cistí Barrachais a bheith ann maidir le haon Chlár, go bhféadfadh sé go bhfuil na Cistí Barrachais sin ann mar gheall ar thíos agus dea-bhainistíocht an Léiritheora, agus air sin amháin, nó go bhféadfadh sé go bhfuil siad ann mar gheall ar nithe eile. Déanfar na Cistí Barrachais a roinnt go cothrom idir TG4 agus an Léiritheoir nó i cibé modh a chomhaontaítear le Cómhaoinitheoir má tá an Clár á chómhaoiniú, ach sin faoi réir an méid seo a leanas:

11.2 I measc na n-eilimintí atá le breithniú ag TG4 le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ceart airgead nár caitheadh a áireamh mar Chistí Barrachais áirítear an méid seo a leanas:-

11.2.1 ní mór do TG4 a bheith sásta nár tharla aon laghdú gan údar ar chostas aon ítime Buiséid a thabhaítear nó aon laghdú nó athrú ar luach eagarthóireachta agus léiriúcháin an Chláir mar atá luaite sa togra don chlár;

11.2.2 d'fhéadfadh sé go gceanglóidh TG4 "caipín" a chur ar mhéid pháirteachas an Léiritheora i gCistí Barrachais i gcás Buiséad mór nó léiriúchán fadtéarmach nó i gcás inar cuireadh Buiséad le chéile faoi luas nó gan sonraíochtaí cláir sách mionsonraithe a bheith ann nó i gcás go bhféadfaí coigilteas a dhéanamh de bhreis air sin a bhainfí amach sa ghnáthshlí trí thíos nó trí dhea-bhainistíocht amháin;

11.2.3 ní cuid de Chistí Barrachais é aon soláthar a dhéantar le haghaidh ítimí sonracha a bhfuiltear ag súil leo d'fhonn an Clár a chríochnú agus a sheachadadh ach ar ítimí iad nach bhfuil gá leo;

11.2.4 ní cuid de Chistí Barrachais, de ghnáth, é aon soláthar a dhéantar de mheon macánta sa Bhuiséad agus nach mbíonn gá leis ar chor ar bith nó a laghdaítear go mór de thoradh nithe seachas tíos agus dea-bhainistíocht an Léiritheora.

11.3 Más rud é gur lú Costas Léiriúcháin an Chláir ná an Buiséad, déanfar sciar TG4 de na Cistí Barrachais a shealbhú ar iontaobhas do TG4 agus aisíocfar le TG4 iad ar an Dáta Seachadta nó laistigh de 14 lá ón dáta a tharlaíonn an barrachas sin más déanaí ná an Dáta Seachadta é.

12. URRAÍOCHT, SUÍOMH TÁIRGÍ AGUS CUMARSÁID TRÁCHTÁLA

12.1 Geallann an Léiritheoir nach rachaidh sé chuig aon urraitheoir ná nach ndéanfaidh sé aon chaibidlíochtaí nó comhaontú le haon urraitheoir gan toiliú a fháil roimh ré ó TG4. Má thoilíonn TG4 leis an Léiritheoir do dhéanamh aon chaibidlíochtaí le hurraitheoirí ionchasacha agus má thoilíonn sé leis an gcomhaontú beartaithe urraíochta, beidh an Léiritheoir i dteideal táille aimsitheora a fháil má fhaigheann sé airgead urraíochta, ach ní bheidh an táille aimsitheora sin iníochta i gcás ina bhfuil gá leis an airgead urraíochta atá faighte ag an Léiritheoir chun easnamh sa Bhuiséad a shlánú. Beidh an ceart ag TG4 urraíocht a lorg i leith an Chláir agus féadfaidh TG4 a cheadú d'urraitheoirí closchreidiúint agus/nó amharcchreidiúintí a fháil laistigh de Chlár nó i ndáil le Clár de réir mar a cheadaítear leis na cóid is infheidhme maidir le cumarsáid tráchtála.

12.2 Ní dhéanfaidh an Léiritheoir aon chaibidlíochtaí le tríú páirtithe i leith suíomh táirgí ná ní ghlaicfaidh sé le soláthar earraí nó seirbhísí ó aon duine i ndáil leis an gClár ná ní dhéanfaidh sé, thairis sin, aon earraí nó seirbhísí a chur ar taispeáint in ionad feiceálach sa Chlár gan toiliú a fháil ó TG4. Comhlíonfaidh an Léiritheoir na treoirlínte agus na rialacháin is infheidhme maidir le cumarsáid tráchtála.

12.3 Comhlíonfaidh an Léiritheoir treoirlínte agus rialacháin urraíochta TG4 agus, go háirithe, gheobhaidh sé ceadú ó TG4 maidir le haon admhálacha nó sochair d'aon chineál a bheidh ag teastáil ó aon urraitheoir Cláir nó imeachta nó ó aon eagraíocht eile a bhfuil baint aici leis an gClár.

12.4 Féadfaidh TG4 suíomh táirgí nó cumarsáid tráchtála eile a úsáid laistigh de Chlár nó i ndáil le Clár de réir mar a cheadaítear le cóid infheidhme maidir le cumarsáid tráchtála. Ní bheidh airgead a éiríonn as suíomh táirgí nó as cumarsáid tráchtála eile den sórt sin ina chuid de na Glanbhrabúis agus coimeádfaidh TG4 go heisiach é. Féadfaidh TG4 comórtais a réachtáil i ndáil leis an gClár agus i dtaca leis an gClár agus beidh airgead a éiríonn as na comórtais sin, tar éis costais a asbhaint, ina chuid de na Glanbhrabúis.

13. RÁTHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE CRÍOCHNÚ

13.1 Beidh an ceart ag TG4 ráthóir maidir le críochnú a cheapadh i ndáil leis an gClár. Geallann an Léiritheoir go ndéanfaidh sé go pras gach socrú conarthach agus gach socrú urraíochta a éileoidh an ráthóir maidir le críochnú agus/nó TG4 agus go gcomhoibreoidh sé go hiomlán leis an ráthóir maidir le críochnú agus go dtabharfaidh sé an fhaisnéis agus an cúnamh go léir a bheidh ag teastáil le réasún chun a chur faoi deara go ndéantar an Clár a chríochnú agus a sheachadadh go tráthúil.

13.2 Ní Cistí Barrachais iad aon lacáistí maidir le táillí ráthaíochta i gcomhair críochnú agus aisíocfar iad le TG4 ina n-iomláine.

14. RIALÚ EAGARTHÓIREACHTA

14.1 Beidh freagracht ar TG4 i ndáil le rialú eagarthóireachta críochnaitheach ar an gClár agus beidh TG4 dá lánrogha féin agus ar a chostas féin (ach sin faoi réir chlásal 16), tar éis dul i gcomhairle leis an Léiritheoir, i dteideal cibé athruithe, scriosadh nó breisiú a chinnfidh sé a dhéanamh ar an gClár. Má dhéanann an Léiritheoir agóid in aghaidh athruithe den sórt sin is é an t-aon leigheas a bheidh aige a cheangal go mbainfear creidiúint an léiriúcháin agus an Léiritheora den Chlár.

14.2 Comhlíonfaidh an Clár gach dlí agus rialachán is infheidhme maidir le léiriú clár agus comhlíonfaidh sé na treoirlínte go léir arna n-eisiúint ó am go ham ag TG4 maidir leis an nGaeilge agus maidir le nithe eile.

14.3 Geallann an Léiritheoir go léireoidh sé an Clár de réir na gcaighdeán is airde atá ar fáil ionas go gcinnteofar go bhfuil sé oiriúnach i gcomhair saothrú tráchtála.

14.4 Déanfar an Clár a scannánú agus a thaifeadadh i nGaeilge ar choinníoll go bhféadfaidh eilimintí a bheith sa Chlár nach bhfuil i nGaeilge i gcás ina gcinntear amhlaidh, le réasún, mar gheall ar chritéir chruthaitheachta an Chláir.

15. FAIREACHÁN AR LÉIRIÚ

15.1 Féadfaidh TG4 faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhaontaithe ag an Léiritheoir agus áireofar an ceart, gan srian, faireachán a dhéanamh ar léiriú an Chláir a mhéid a bhaineann le cúrsaí eagarthóireachta agus airgeadais araon. Beidh an ceart ag TG4 Ionadaithe Léiriúcháin a ainmniú i ndáil leis an gClár. Cinnteoidh an Léiritheoir go mbeidh rochtain ag an Ionadaí Léiriúcháin ar gach duine iomchuí den fhoireann ag a bhfuil baint le léiriú an Chláir agus ar gach Suíomh agus Stiúideo agus go ndéanfar an fhaisnéis agus cáipéiseacht go léir a iarrfaidh an tIonadaí Léiriúcháin sin nó TG4, maidir le léiriú an Chláir agus maidir le comhlíonadh an Chomhaontais, a thabhairt dó. Cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go bhfreastalóidh an Pearsanra Léiriúcháin go léir ar cibé líon réasúnach cruinnithe a iarrfaidh TG4 nó a ionadaí ag cibé ionaid réasúnacha chun aon ábhair a bhaineann leis an gClár a phlé.

15.2 Cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go ndéantar cóipeanna de gach doiciméad agus de gach faisnéis a iarrtar a sholáthar do gach Ionadaí Léiriúcháin agus soláthróidh sé mionsonraí faoi gach dáta, gach am agus gach suíomh i ndáil le taispeáint mearphriontaí, leaganacha garbha agus réamhbhreathnuithe den Chlár agus tabharfaidh sé freagra, laistigh de 24 huairé an chloig, ar aon iarrataí ar fhaisnéis ón Ionadaí Léiriúcháin agus déanfaidh sé, laistigh den tréimhse sin, an fhaisnéis go léir atá ar fáil a sholáthar do TG4 agus tabharfaidh sé léiriú ar na bearta atá á ndéanamh chun faisnéis bhreise a fháil.

15.3 Déanfaidh an Léiritheoir tuarascálacha costas agus sceidil sreabhaidh airgid a sheachadadh i cibé foirm a éileoidh TG4 nó a Ionadaí Léiriúcháin mar thacaíocht le gach sonrasc a chuirtear isteach chuig TG4 i gcomhair íocaíochta agus ag cibé tráthanna eile a éileoidh TG4 ar choinníoll go mbeidh fógra 5 lá ag an Léiritheoir chun tuarascálacha costas a ullmhú agus a thíolacadh do TG4 i cibé foirm a chuirfear in iúl don Léiritheoir an tráth sin nó sula ndéantar an iarraidh. Déanfar Táille na gCeart agus an Cothromas Inghnóthaithe a shonrú i ngach sonrasc. Ní thabharfar aon íocaíocht don Léiritheoir mura mbeidh deimhniú imréitigh cánach reatha an Léiritheora faighte ag TG4.

16. COSTAIS A GHABHANN LE hATHRUITHE EAGARTHÓIREACHTA

Tá an ceart ag TG4 eagarthóireacht a dhéanamh, nó a cheangal go ndéanfar eagarthóireacht, ar an gClár de réir mar a chinnfidh sé. Má cheanglaíonn TG4 ar an Léiritheoir obair bhreise a dhéanamh de thoradh chinntí eagarthóireachta TG4 arna gcur in iúl don Léiritheoir tar éis ceadú a thabhairt maidir le leagan cruinnghearrtha/as líne le heagarthóireacht den Chlár, íocfaidh TG4 as gach costas riachtanach a ghabhann le hobair bhreise den sórt sin ar choinníoll, thairis sin, go gcomhlíonann an Clár, mar a rinneadh é, forálacha an Chomhaontaithe. Má cheanglaíonn TG4 ar an Léiritheoir obair bhreise a dhéanamh sula gceadaítear an leagan cruinnghearrtha/as líne le heagarthóireacht den Chlár, déanfaidh an Léiritheoir an obair sin ar chostas an Léiritheora.

17. CEARTA PRÍOMHA/ILARDÁIN AGUS CEARTA TÁNAISTEACHA

I gcomaoin ar an Táille na gCearta bheith íoctha ag TG4 leis an Léiritheoir mar a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir, deonaíonn an Léiritheoir do TG4 na Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár de bhun chlásal 17.1 agus na Cearta Tánaisteacha sa Chlár de bhun chlásal 17.2 (Cearta Foghabhálacha) agus 17.3 (Cearta Díola Gearrthóg) faoi seach.

17.1 CEARTA PRÍOMHA/ILARDÁIN

17.1.1 Deonaíonn an Léiritheoir do TG4 leis seo Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár a fheidhmiú ar fud an domhain ar feadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.

17.1.2 Cuimsíonn Cearta Príomha/Ilardáin an Clár, a chur ar fáil don phobal, agus a sheachadadh ar an bpobal, gan srian, ar gach ardán agus ar gach meán ar aon slí nó ar aon mhodh atá ar eolas anois nó a cheapfar ina dhiaidh seo, i gcás ina ndéantar ábhar TG4 nó cainéil TG4, atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, nó codanna díobh, a chur ar fáil don phobal nó a sheachadadh ar fud an domhain, ar bhonn eisiach ar oileán na hÉireann agus ar bhonn neamheisiach ar fud an chuid eile den domhan, ar bhonn saor in aisce, íocaíochta nó síntiúis, lena n-áirítear, gan teorainn, trí láithreáin mheán sóisialta agus láithreáin comhchosúil, idir líneach agus neamhlíneach, ar aipeanna ar le TG4 iad nó ar aipeanna a bhfuil branda TG4 orthu, trí shruthú idirlín, trí fhísábhar ar éileamh, trí bhreith suas, trí íoslódáil (ar choinníoll nach bhfuil íoslódáil tráchtála chun úinéireacht a fháil ar chearta san áireamh sna Cearta Príomha/Ilardáin, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir), trí neaslódáil, maille le fotheidil, comharthaíocht, clostuirisciú nó modhanna eile rochtana, nó gan iad, de réir na gceanglas rochtana is infheidhme maidir le craoltóirí ó am go ham. Áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin freisin, gan teorainn, an ceart chun láithreáin ghréasáin don Chlár, agus leathanaigh meán sóisialta agus feidhmchláir idirghníomhacha a bhaineann leis an gClár, a sholáthar, agus an soláthar sin a údarú, agus cur chun cinn an Chláir ar gach meán lena n-áirítear ag féilte agus ag taispeántais. Ní fhéadfar na Cláir a sheachadadh ach amháin tríd seirbhísí ar le TG4 iad agus/nó ábhar a bhfuil branda TG4 orthu ar ardán/mheáin tríú páirtí (mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir), lena n-áirítear gan srian seinnteoir RTÉ (gan an tseirbhís a n-íoctar aisti agus a dtugtar seinnteoir idirnáisiúnta RTÉ uirthi), seinnteoir Uile-Éireann agus seirbhísí eile PSB (craoltóir seirbhíse poiblí) ar oileán na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin, gan srian, an ceart chun an Clár a sholáthar do chainéal diaspóra nó do thionscnamh den tsamhail chéanna. Áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin ceart a bheith ag TG4 a údarú do thríú páirtithe gach ceann, nó aon cheann ar leith, de na cearta sin a fheidhmiú.

17.1.3 Gan dochar do na Cearta Foghabhálacha agus do na Cearta Díola Gearrthóg, tá an chéad rogha eisiach ag TG4, ar rogha í a bheidh infheidhmithe ag TG4 aon tráth roimh dheireadh Thréimhse Rogha TG4, chun na Cearta Príomha/Ilardáin i gClár a athfháil ón Léiritheoir le haghaidh an Dara Tréimhse Ceadúnais. Feidhmeoidh TG4 an rogha sin trí fhógra i scríbhinn á rá go bhfuil sé ar intinn ag TG4 déanamh amhlaidh a thabhairt don Léiritheoir agus trí tháille ceadúnais a íocfaidh TG4 leis an Léiritheoir

de réir Rátaí Carta Rátaí. Rachaidh na páirtithe i gcomhaontú ceadúnais maidir leis na Cearta Príomha/Ilardáin sin a fháil.

17.1.4 Gan dochar do chláisail 19.2(j) gach tráth tar éis na Tréimhse Deich mBliana, beidh TG4 i dteideal na heilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár atá ar fáil an tráth sin lena n-athfháil ag TG4 a fháil ón Léiritheoir ach táille ceadúnais a íoc a bheidh le caibidliú agus le comhaontú ag TG4 agus ag an Léiritheoir trí Rátaí an Charta Rátaí atá i réim a tráth sin a úsáid mar threoirlíne maidir leis an luach atá le cur i leith na n-eilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin atá á n-athfháil, nó, i gcás ina ndéantar na Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil ina n-iomláine, de réir Rátaí an Chárta Rátaí atá i réim maidir le hathfháil na gCearta Príomha/Ilardáin ina n-iomláine. Rachaidh na páirtithe i gcomhaontú ceadúnais maidir leis na cearta sin a fháil.

17.1.5 Gan dochar do chláisail 21.14 agus cé is moite den táille cheadúnais atá iníoctha de bhun chláisail 17.1.3 agus 17.1.4 agus den íocaíocht faoi chláisail 4.6.3, ní bheidh aon íocaíochtaí d'aon chineál iníoctha ag TG4 leis an Léiritheoir ná le haon tríú páirtí i leith fheidhmiú na gCearta Príomha/Ilardáin i rith na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, Dara Tréimhse Ceadúnais agus/nó aon tréimhse ceadúnais eile dá éis sin ar lena linn a shealbhóidh TG4 Cearta Príomha/Ilardáin nó i leith fheidhmiú na gCearta Tánaisteacha ag TG4 go suthain.

17.2 CEARTA FOGHABHÁLACHA

Gan dochar do na Cearta Príomha/Ilardáin agus do na Cearta Díola Gearrthóg agus cibé an roghnaíonn nó nach roghnaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin i gClár a fháil maidir leis an Dara Tréimhse Ceadúnais mar a shonraítear i gclásal 17.1.3 nó ina dhiaidh sin mar a shonraítear i gclásal 17.1.4, aontaíonn agus admhaíonn an Léiritheoir go bhféadfaidh TG4 na Cearta Foghabhálacha a fheidhmiú ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain.

Déantar na Cearta Foghabhálacha a shonraítear i gclásal 17.2 (a), (b), (c) agus (g) a dheonú do thréimhse iomlán an chóipchirt lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain agus beidh siad infheidhmithe go heisiach ag TG4 laistigh d'oileán na hÉireann agus go neamheisiach ar fud an chuid eile den domhan le haghaidh aon thréimhse, agus gach thréimhse, ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár agus, agus ina dhiaidh sin beidh siad infheidhmithe go neamheisiach ar fud an domhain ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir nó d'aon duine eile.

Déantar na Cearta Foghabhálacha a shonraítear i gclásal 17.2 (d), (e), (f) agus (h) a dheonú do thréimhse iomlán an chóipchirt lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain agus beidh siad infheidhmithe go neamheisiach ag TG4 ar fud an domhain, gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir nó d'aon duine eile. Cuimsíonn na Cearta Foghabhálacha an méid seo a leanas:

- a) An ceart chun sleachta as Clár a chur ar fáil don phobal (suas go 5 nóiméad sa chomhiomlán in aghaidh an Chláir leathuaire).
- b) An ceart chun Clár, agus/nó sleachta as, a chur ar fáil don phobal lena úsáid, nó lena n-úsáid, d'aon toisc ar mhaithe le gnóthaí oideachais nó taighde ach ní ar mhaithe le cúrsaí tráchtála.
- c) An ceart chun sleachta as Clár a áireamh i gcláir eile a léiríonn TG4 nó a léirítear thar ceann TG4. Déanfaidh TG4 táille a íoc leis an Léiritheoir i leith na húsáide sin ar íocaíocht í a bheidh de réir Rátaí an Chárta Rátaí, ach ní bheidh aon íocaíocht i gceist i leith úsáid a bhaint as sleachta i gcláir athbhreithnithe nó i gcláir ghradam.
- d) An ceart chun Clár agus/nó sleachta as a úsáid ar bhonn neamheisiach tráchtála chun a chumasú do TG4 a chuid oibleagáidí reachtúla (arna leasú ó am go ham) a chomhlíonadh i leith cartlanna agus leabharlanna a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear oibleagáidí de bhun ailt 111, 118(1)(e) agus 118(1)(i) den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú).
- e) An ceart chun gach ceart teagmhasach eile a fheidhmiú ar bhonn neamheisiach chun a chur ar chumas TG4 a chuid cuspóirí agus freagrachtaí reachtúla (arna leasú ó am go ham) a chomhlíonadh, nó an méid sin a éascú, lena n-áirítear, gan aon teorainn, na hoibleagáidí maidir le 'tairiscint éigeantach' a fhorchuirtear ar TG4 leis an Acht Craolacháin 2009 (arna leasú ó am go ham), ar choinníoll gurb amhlaidh, ar mhaithe le hamhras a sheachaint, go n-admhaítear nach bhfuil sé beartaithe go gclúdódh an fochlásal seo 17.2 (e) oibleagáid ginearálta reachtúil TG4 i leith seirbhís PSB a sholáthar.
- f) An ceart chun an Clár a choimeád i gcartlann TG4 agus, ar bhonn neamheisiach, chun cóipeanna den Chlár agus/nó sleachta as a chur ar fáil don phobal chun críocha pearsanta neamhthráchtála amháin agus d'institiúidí oideachais, do chartlanna, d'institiúidí cultúir nó d'institiúidí de chineál carthanach nó sóisialta lena n-úsáid ag na comhlachtaí sin chun críocha neamhthráchtála (ní hionann táille réasúnach cóipeála agus/nó riaracháin a ghearradh chun an costas a ghabhann leis an gcóip a sholáthar mar atá thuasluaite agus úsáid tráchtála) agus ní áireofar an táille riaracháin/cóipeála mar cuid den Ghlanbhrabúis.
- g) An ceart chun an Clár agus/nó sleachta as a chur ar fáil don phobal ar láithreáin chartlainne ar le TG4 iad nó ar láithreáin chartlainne a bhfuil branda TG4 ag gabháil leo, ar choinníoll nach gceadaítear íoslódáil tráchtála chun úinéireacht a fháil ar chearta mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir. Comhaontaítear, gurb amhlaidh, tar éis dheireadh aon tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár, go ndéanfaidh TG4, má iarrtar amhlaidh, idirchaidreamh a chur ar bun leis an Léiritheoir chun ceadúnas tríú páirtí i leith an Chláir a éascú más rud é go gcuireann infhaighteacht an Chláir ón gcartlann isteach go hábhartha ar shaothrú tráchtála an Chláir nó an Chláir Idirnáisiúnta ag an Léiritheoir agus, más gá, bainfidh TG4 an Clár anuas ar feadh ré an cheadúnais tríú páirtí.

h) An ceart chun gach gníomh atá srianta le cóipcheart i leith an Chláir a dhéanamh ar bhonn neamheisiach d'aon toisc chun na cearta a dheonaítear do TG4 a fheidhmiú.

Áiríonn Cearta Foghabhálacha ceart a bheith ag TG4 a údarú do thríú páirtithe gach ceann, nó aon cheann ar leith, de na Cearta Foghabhálacha a fheidhmiú.

17.3 CEARTA DÍOLA GEARRTHÓG

Gan dochar do na Cearta Príomha/Ilardáin agus do na Cearta Foghabhálacha agus cibé an roghnaíonn nó nach roghnaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin i gClár a fháil maidir leis an Dara Tréimhse Cheadúnais mar a shonraítear i gclásail 17.1.3 nó ina dhiaidh sin mar a shonraítear i gclásal 17.1.4, aontaíonn agus admhaíonn an Léiritheoir go bhféadfaidh TG4 na Cearta Díola Gearrthóg a fheidhmiú sa Chlár.

(a) Áiríonn Cearta Díola Gearrthóg sa Chlár an ceart chun sleachta as an gClár a chur ar fáil lena dhíol ar bhonn neamheisiach ar fud an domhain ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain, de bhun scéim reachtúil úsáide tráchtála ábhar cartlainne TG4, mar atá sonraithe i gclásal 17.2 faoi réir an choinníll go ndéanfaidh TG4 50% d'aon táille thráchtála a íoctar le TG4 a íoc leis an Léiritheoir.

(b) Beidh TG4 i dteideal tobhach a mhuirearú ar iarrthóir ábhair cartlainne ar tobhach é ina mbeidh méid atá ag teastáil chun a chostais cóipeála/riaracháin a thabhaítear go réasúnach a chlúdach agus ní mheasfar gurb ionann an muirear sin agus táille thráchtála chun críocha an chlásail 17.3 seo. Déanfaidh TG4 an táille seo a asbhaint as an táille tráchtála sula gcomhroinntear an t-iarmhéid go cothrom leis an Léiritheoir.

Áiríonn Cearta Díola Gearrthóg ceart a bheith ag TG4 a údarú do thríú páirtithe na Cearta Díola Gearrthóg a fheidhmiú thar a cheann.

Chun amhras a sheachaint, agus gan dochar do na Cearta Díola Gearrthóg, ní áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin ceart a bheith ag TG4 aon díolachán ceadúnais a dhéanamh i leith an Chláir.

18. CREIDIÚINT, CINSIREACHT AGUS ÁBHAR

18.1 Déanfar cibé foirm creidiúna scáileáin i leith an Léiritheora a shonróidh TG4 sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir, mar aon le haon chreidiúint a éileoidh TG4 i ndáil le haon léiritheoir feidhmiúcháin a cur isteach sa Chlár. Ní cheadófar aon chreidiúintí scáileáin eile i ndáil leis an gClár seachas na cinn sin a éilítear de bhun na gConarthaí Léiriúcháin agus atá ceadaithe ag TG4.

18.2 Déanfar lógó closamhairc TG4 a chur isteach, ó am go ham, ag tús na sraitheoige creidiúna oscailte, agus ag deireadh na sraitheoige creidiúna deiridh, den Chlár. Gheobhaidh TG4 creidiúint maoinitheora/chómhaoinitheora sa Chlár, sa Chlár

Idirnáisiúnta agus san ábhar, sna táirgí agus san ábhar gaolmhar i leith an Chláir agus an Chláir Idirnáisiúnta agus beidh an chreidiúint sin i cibé foirm a cheadóidh TG4 agus beidh TG4 i dteideal na creidiúintí a réamhcheadú sula gcuirtear san áireamh iad sa Chlár.

18.3 Comhlíonfaidh an Clár na hoibleagáidí conarthacha go léir atá dlite do thríú páirtithe i dtaca le creidiúint de.

18.4 Ní hionann aon chormhainneachtain nó aon mhainneachtain neamhbheartaithe ag TG4 nó ag aon tríú páirtí maidir le comhlíonadh fhorálacha creidiúna an Chomhaontaithe agus sárú ar an gComhaontú agus admhaíonn an Léiritheoir gur damáistí atá san aon leigheas amháin i ndáil le haon sárú eile ar aon cheann d'fhorálacha creidiúna an Chomhaontaithe agus nach mbeidh an Léiritheoir i dteideal faoiseamh urghaire a fháil mar gheall ar aon mhainneachtain líomhnaithe ag TG4 nó ag aon tríú páirtí maidir leis an gcreidiúint dá bhforáiltear a thabhairt. Geallann an Léiritheoir thairis sin a chur faoi deara go mbeidh foráil den tsamhail chéanna ann i ngach Conradh Léiriúcháin idir an Léiritheoir agus an Pearsanra Léiriúcháin.

19. DÁILEADH, FÓGRAÍOCHT AGUS POIBLÍOCHT

19.1.1 Faoi réir an bhunphrionsabail agus faoina réir sin i gcónaí, is é sin le rá, an prionsabal ar dá réir, de ghnáth, a shealbhóidh agus a fheidhmeoidh an Léiritheoir Cearta Dáileacháin i gClár agus i gClár Idirnáisiúnta, féadfar socrúithe malartacha dáileacháin i leith Cláir nó Clár Idirnáisiúnta a dhéanamh le comhaontú frithpháirteach an Léiritheora agus TG4 ar bhonn gach cáis ar leith.

19.1.2 Maidir le haon cheart i gClár, i gClár Idirnáisiúnta nó i bhFormáid ar ceart é atá infheidhmithe ag an Léiritheoir, is amhlaidh go mbeidh sé, i ngach cás agus chun amhras a sheachaint, gan dochar do na Cearta Príomha/Ilardáin agus do na Cearta Tánaisteacha sa Chlár a dheonaíonn an Léiritheoir do TG4.

19.2 Maidir leis na Cearta Dáileacháin agus na Cearta Coimeádta sa Chlár agus sa Chlár Idirnáisiúnta, fanfaidh siad leis an Léiritheoir agus féadfaidh an Léiritheoir iad a fheidhmiú, ach sin faoi réir na srianta agus na bhforálacha seo a leanas agus, ina theannta sin, gan dochar do chlásal 19.1.2:

(a) Féadfaidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú in aon mheán nó in aon fhormáid (atá ar eolas anois nó atá le forbairt fós), lena n-áirítear DVD, sruthú ar líne, Íoslódáil chun úinéireacht a fháil, físeán ar éileamh, garfhíseán ar éileamh, íoc ar fhéachaint, gan bheith teoranta don mhéid sin, agus gach ceart coimhdeach agus marsantaithe atá ionchorpraithe sa Chlár agus sa Chlár Idirnáisiúnta, nó a dhíorthaíonn ón gClár nó ón gClár Idirnáisiúnta, a fheidhmiú beag beann ar mhodh an tsaothraithe, ach sin faoi réir, i gcónaí, na srianta atá leagtha amach sa chlásal 19 seo.

(b) Ní fhéadfaidh an Léiritheoir aon cheann de na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú agus ní fhéadfaidh an Léiritheoir a cheadú d'aon tríú páirtí na Cearta Dáileacháin sa

Chlár a fheidhmiú ar oileán na hÉireann i rith na Tréimhse Deich mBliana mura rud é go roghnóidh TG4 gan leas a bhaint as na Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Ceadúnais agus, sa chás sin, féadfaidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú ar oileán na hÉireann tar éis dheireadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais agus na Tréimhse Rogha TG4 le chéile.

(c) Ní fhéadfaidh an Léiritheoir aon cheann de na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú agus ní fhéadfaidh an Léiritheoir a cheadú d'aon tríú páirtí na Cearta Dáileacháin sa Chlár a fheidhmiú nó sa Chlár Idirnáisiúnta lasmuigh d'oileán na hÉireann go dtí 28 lá (ocht lá is fiche) tar éis Dháta an Chéad Chraolacháin.

(d) Feidhmiú na gCeart Dáileacháin ag an Léiritheoir nó thar ceann an Léiritheora i rith na Tréimhse Deich mBliana:

(i) Oileán na hÉireann: Le linn na Tréimhse Deich mBliana, ní fhéadfaidh an Léiritheoir na Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár nó sa Chlár Idirnáisiúnta a fheidhmiú, nó ní fhéadfaidh an Léiritheoir a cheadú d'aon tríú páirtí na cearta sin a fheidhmiú, ar oileán na hÉireann.

(ii) Lasmuigh d'oileán na hÉireann: Maidir le sceitheadh neamhbheartaithe an Chlár agus an Chláir Idirnáisiúnta atá ceadúnaithe i gcríoch lasmuigh d'oileán na hÉireann, agus i gcás inarb é atá sa sprioclucht féachana don Chlár nó don Chlár Idirnáisiúnta (lena n-áirítear margaíocht agus poiblíocht maidir leis an gClár nó maidir leis an gClár Idirnáisiúnta) ná lucht féachana lasmuigh d'oileán na hÉireann agus, i gcás nach ndéantar spriocdhírú ar lucht féachana ar oileán na hÉireann, ní mheasfar gurb ionann an méid sin agus sárú ar an srian ag 19.2(d)(i) thuas.

(iii) Lasmuigh d'oileán na hÉireann: Le linn na Tréimhse Deich mBliana, cinnteoidh an Léiritheoir go mbeidh geobhlocáil déanta ar aon seirbhís ar líne a ndéantar an Clár nó an Clár Idirnáisiúnta a chur ar fáil uirthi lasmuigh d'oileán na hÉireann ionas nach mbeidh sé ar fáil d'úsáideoirí idirlín ar oileán na hÉireann.

(iv) Beidh rogha aonair eisiach ag TG4 chun toiliú a thabhairt, ar bhonn eisceachtúil ócáideach, le gach srian, nó le cuid de na srianta, a leagtar amach i gclásal 19.2(d)(i) a chealú.

(v) Ní bheidh feidhm ag na srianta i gclásal 19.2(d)(i) go (iii) thuas tar éis na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais agus Thréimhse Rogha TG4 le chéile más rud é go gcinneann TG4 gan a rogha eisiach a fheidhmiú maidir le Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais, ach sin faoi réir, i gcónaí, chlásal 19.2(j) thíos.

(vi) Maidir le haon chomhaontuithe dáileacháin a dhéanfaidh an Léiritheoir i leith an Chláir agus/nó i leith an Chláir Idirnáisiúnta le linn na Tréimhse Deich mBliana, ní mór iad a thabhairt i gcrích ar an mbonn go mbeidh na Cearta Príomha/Ilardáin ar fáil i gcónaí lena bhfeidhmiú ina n-iomláine ag TG4 le linn na Tréimhse Deich mBliana agus ar an mbonn go bhfuil na Cearta Tánaisteacha infheidhmithe ag TG4 go suthain.

(e) Le linn na Tréimhse Deich mBliana (i rith na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais agus Thréimhse Rogha TG4 le chéile, má chinneann TG4 gan a rogha a fheidhmiú maidir le Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais), beidh gá le toiliú TG4 i leith cheapadh aon dáileora i leith an Chláir agus/nó i leith an Chláir Idirnáisiúnta. Mar an gcéanna, is gá toiliú TG4 a fháil i leith aon fheachtas margaíochta nó poiblíochta a bheartaítear i leith fheidhmiú na gCeart Dáileacháin i rith na tréimhse céanna. Beidh an toiliú le feidhmiú ag TG4 de mheon macánta de bhun an chláis seo 19.2 (e) agus chlásal 19.2(i) thíos agus oibleagáidí reachtúla TG4 maidir le cláir Ghaeilge a chur chun cinn ar oileán na hÉireann agus thar lear agus ionchais dhlísteanacha tráchtála an Léiritheora agus TG4 araon á gcur san áireamh.

(f) Maidir le ceapadh aon dáileora nó aon fhodháileora, nó i gcás ina ndéanann an Léiritheoir cearta sa Chlár nó sa Chlár Idirnáisiúnta a dhíol go díreach gan dáileoir a bheith i gceist, beidh cearta cigireachta ag TG4 i leith leabhair chuntais agus thaifid an Léiritheora/dáileora/fhodháileora maidir leis an dáileadh agus maidir leis an saothrú sin i leith an Chláir/Chláir Idirnáisiúnta sin.

(g) Tá na costais uasta a d'fhéadfaí a asbhaint i ndáil le feidhmiú na gCeart Dáileacháin sonraithe i sainmhíniú na Costas Dáileacháin.

(h) Déanfaidh an Léiritheoir an céatadán de na Glanbhrabúis a dtugtar mionsonraí ina leith sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir a íoc le TG4 go suthain agus sa chás go bhfuil an Clár á chómhaoiniú déanfar roinnt an Glanbhrabúis a chomhaontú leis na Cómhaoinitheoirí. Cuimsíonn céatadán TG4 de na Glanbhrabúis gnóthú Chothromas Inghnóthaithe TG4 agus roinnt leanúnach na mbrabús go suthain, mar a shonraítear i gclásal 19.4.

(i) I rith aon tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár, cibé acu sa Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, sa Dara Tréimhse Ceadúnais nó in aon tréimhse ceadúnais dá éis sin, beidh gá le toiliú TG4 le téarmaí aon chomhaontuithe dáileacháin a dhéantar i leith an Chláir nó i leith an Chláir Idirnáisiúnta. I gcás ina bhfuil aon neamhréireacht ann idir an Comhaontú agus na comhaontuithe dáileacháin (más ann), beidh forlámhas ag an gComhaontú, d'ainneoin go mbeidh cóip de na comhaontuithe dáileacháin sin tugtha do TG4.

(j) Le linn aon chomhaontú dáileacháin a dhéanamh i leith Cláir agus/nó Chláir Idirnáisiúnta tar éis na Tréimhse Deich mBliana, tabharfaidh an Léiritheoir fógra i scríbhinn d'Ard-Stiúrthóir TG4 á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Léiritheoir déanamh amhlaidh agus déanfaidh TG4, i gcomhthéacs an tsocraithe dáileacháin a bheidh beartaithe, fógra a thabhairt i dtaobh aon eilimintí nó eilimintí uile na gCeart Príomha/Ilardáin sa Chláir ar mhaith le TG4 iad a chaomhnú agus a choimeád ar fáil le haghaidh athfháil ionchasach ag TG4 sa todhchaí. Déanfaidh an Léiritheoir iarrachtaí réasúnacha agus iarrachtaí de mheon macánta chun caomhnú a dhéanamh ar na heilimintí sainaitheanta sin de na Cearta Príomha/Ilmheáin atá ann sa socrú dáileacháin lena mbaineann ach ní bheidh sé de cheangal ar an Léiritheoir na heilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin as a leanann míbhuntáiste tráchtála dó

féin a chaomhnú. Cuirfidh an Léiritheoir tréimhse an chomhaontuithe dáileacháin in iúl do TG4 i ndiaidh an socrú dáileacháin a bheith tugtha chun críche.

(k) Gach tráth tar éis na Tréimhse Deich mBliana, beidh TG4 i dteideal na heilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár atá ar fáil an tráth sin lena n-athfháil ag TG4 a fháil mar atá sonraithe i gclásal 17.1.4.

(l) Déanfaidh an Léiritheoir a dhícheall chun na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú chun brabúis a uasmhéadú agus chun an t-airgead a bhailiú agus an sciar comhaontaithe de na Glanbhrabúis a tharchur chuig TG4.

(m) Gheobhaidh TG4 cibé creidiúint a shonróidh sé sa Chlár agus sa Chlár (sna Cláir) Idirnáisiúnta agus, ina theannta sin, sna hábhair phoiblíochta a eiseofar i dtaca leis an gClár nó i dtaca leis an gClár Idirnáisiúnta agus in aon ábhar marsantais a dhíorthaíonn ón gClár nó ón gClár Idirnáisiúnta.

(n) Formáidí:

(i) I gcás ina mbeidh Formáid tionscanta agus forbartha ag an Léiritheoir agus ag TG4 i gcomhpháirt lena chéile, beidh an fhormaid faoi úinéireacht acu i sciartha comhionanna mar thionóntaí i gcoiteannas agus déanfaidh an Léiritheoir agus TG4 idirchaidreamh lena chéile gach tráth i leith fheidhmiú na gCeart Dáileacháin san Fhormáid sin de réir na n-oibleagáidí dáileacháin sa chlásal 19 seo nó ar cibé modh eile a chomhaontófar le TG4. Féadfar comhaontú a dhéanamh go ndéanfaidh TG4 na cearta sin a fheidhmiú thar a cheann féin agus thar ceann an Léiritheora. Beidh TG4 i dteideal 50% de na Glanbhrabúis i leith fheidhmiú na gCeart Dáileacháin san Fhormáid chomhpháirteach lena mbaineann an clásal 19.2(n)(i) seo a fháil go suthain.

(ii) I gcás ina mbeidh an Léiritheoir tar éis an Fhormáid a chruthú go heisiach, is leis an Léiritheoir an Fhormáid agus feidhmeoidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin san Fhormáid sin de réir na n-oibleagáidí maidir le dáileacháin atá ann sa chlásal 19 seo. Beidh TG4 i dteideal 15% de Glanbhrabúis a fháil go suthain i leith fheidhmiú na gCeart Dáileacháin in aon Fhormáid lena mbaineann an clásal 19.2(n)(ii) seo.

(iii) Is é a bheidh i méid agus i leithroinnt an choimisiúin dáileacháin agus na gcostas dáileacháin a bhaineann le díol aon Fhormáide lena mbaineann clásal 19.2(n)(i) ná an méid a chomhaontaíonn an Léiritheoir agus TG4 de mheon macánta.

(o) Láithreáin ghréasáin agus meáin shóisialta:

Faoi réir i gcónaí na srianta agus na bhforálacha atá leagtha amach sa chlásal 19 seo i leith fheidhmiú na gCeart Dáileacháin ag an Léiritheoir:

(i) beidh an ceart eisiach ag an Léiritheoir láithreáin ghréasáin, leathanaigh mheán sóisialta agus feidhmchláir idirghníomhacha a bhfuil baint acu le dáileadh an Chláir nó an Chláir (na gClár) Idirnáisiúnta a sholáthar in aon chríoch lasmuigh d'oileán na hÉireann, ar choinníoll go bhfuil na nithe réamhráite sin geobhlocáilte agus nach bhfuil rochtain orthu ag aon úsáideoir idirlín ar oileán na hÉireann i rith

aon tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár. Ní fhéadfar aon phoiblíocht nó margaíocht a dhéanfaidh Léiritheoir i ndáil leis an gClár agus/nó leis an gClár Idirnáisiúnta lasmuigh d'oileán na hÉireann a spriocdhíriú ar lucht féachana ar oileán na hÉireann; agus

(ii) Is tar éis toiliú ó TG4 amháin a fhéadfaidh an Léiritheoir a láithreán gréasáin féin a chruthú agus a chothabháil ar oileán na hÉireann ar mhaithe le cur chun cinn agus poiblíocht i leith an Chláir agus/nó an Chláir Idirnáisiúnta.

19.3 Maidir le feidhmiú na gCeart Dáileacháin ag an Léiritheoir nó thar a cheann, barántaíonn an Léiritheoir go bhfaighidh sé agus go gcothabhálfaidh sé gach ceadúnas, agus go ndéanfaidh sé gach íocaíocht le gníomhaireachtaí bailithe lena n-áirítear, gan teorainn, íocaíochtaí i leith aon liricí ceoil nó fuaimthaifeadtaí atá ann sa Chlár agus sa Chlár Idirnáisiúnta.

19.4 Tá TG4 tar éis a aontú go ndéanfaidh sé Cothromas Inghnóthaithe a infheistiú sa Chlár de réir mar atá sonraithe sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir. Baileoidh an Léiritheoir na hOllfháltais a éireoidh as saothrú na gCeart Dáileacháin. Aontaíonn an Léiritheoir an céatadán de na Glanbhrabúis a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir a íoc le TG4 go suthain. Cuimsíonn céatadán TG4 de na Glanbhrabúis gnóthú Chothromas Inghnóthaithe TG4 agus roinnt leanúnach na mbrabús go suthain.

Déanfaidh an Léiritheoir ráiteas cuntais a sheoladh chuig TG4 laistigh de 45 lá tar éis an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig gach bliain i ndáil leis an téarma sé mhí roimhe sin, ar ráiteas é ina luafar na suimeanna go léir atá dlite do TG4 de réir fhorálacha an Chomhaontaithe agus beidh íocaíocht i leith na suime a luaitear sa ráiteas sin go bhfuil sé dlite ag gabháil le gach ráiteas. De bhreis air sin, má iarrtar, aontaíonn an Léiritheoir ráiteas bliantúil a sholáthar do TG4 ar a chostas féin, ar ráiteas é a bheidh deimhnithe ag cuntasóir an Léiritheora. Cuirfear an ráiteas cuntasáochta sin ar fáil tamall maith roimh an lá iniúchóireachta is gaire. Sa chás nach bhfuil aon díol i gceist cuirfidh an Léiritheoir in iúl do TG4 gach bliain nach bhfuil aon díol ann i ndáiríre.

19.5 Geallann an Léiritheoir go gcoimeádfaidh sé taifid agus leabhair chuntais a bheidh go hiomlán cruinn agus ceart maidir le feidhmiú na gCeart Dáileacháin agus ina dtaispeánfar na hOllfháltais agus na Costais Dáileacháin. Beidh an ceart ag TG4 gach leabhar agus taifead a bhaineann leis na Cearta Dáileacháin a scrúdú agus a iniúchadh, agus cóipeanna a thógáil díobh, aon tráth, ach sin faoi réir fógra réasúnach a thabhairt roimh ré.

I gcás ina gcinntear, aon tráth, mar thoradh ar iniúchadh den sórt sin, gur lú na Glanbhrabúis a luaitear a bheith dlite do TG4 ná 75% de na Glanbhrabúis atá dlite go cuí, íocfaidh an Léiritheoir na táillí agus na costais go léir a bhaineann leis an iniúchadh sin, chomh maith leis an easnamh sna Glanbhrabúis atá dlite do TG4, móide ús a fhabhraíonn de réir EURIBOR móide 2.5% den easnamh sna Glanbhrabúis. Cinnteoidh an Léiritheoir go ndéanfar foráil dhóthanach lena chinntiú go ndéanfar cearta iniúchta TG4 a áireamh i gconradh nó i gconarthaí an Léiritheora le haon dáileoir/fhodháileoirí ceadaithe maidir leis an dáileadh agus maidir leis an saothrú i leith an Chláir/Chláir Idirnáisiúnta.

19.6 Chun amhras a sheachaint, in aon chás ina bhfaigheann TG4 táille, nó aon luach saothair airgeadais, i leith aon cheart a dheonaítear do thríú páirtithe chun an Clár a thaispeáint mar chuid d'fheidhmiú Ceart Príomha/Ilardáin (e.g. díolacháin Aipeanna) as a leanann Glanbhrabúis a thuilleann TG4, ansin beidh an Léiritheoir i dteideal céatadán de na Glanbhrabúis a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir (arna chionroinnt idir an Léiritheoir agus eile de réir mar is cuí) agus tabharfaidh TG4 cuntas don Léiritheoir agus déanfaidh TG4 an cion sin de na Glanbhrabúis a íoc leis an Léiritheoir uair amháin ar a laghad sa bhliain féilire mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir.

19.7 Ní bheidh airgead a éiríonn as cumarsáid tráchtála, as urraíocht agus as suíomh táirgí i ndáil leis an gClár agus i dtaca leis an gClár ina chuid de na Glanbhrabúis agus coimeádfaidh TG4 go heisiach é.

19.8 Beidh an ceart ag TG4 agus ag an Léiritheoir fógraíocht nó poiblíocht a bhaineann leis an gClár a eisiúint, nó socruithe a dhéanamh chuige sin, agus beidh an ceart acu aonad, poiblitheoir, oifigeach preasa nó aon phearsanra fógraíochta nó caidreamh poiblí eile a fhostú i leith an Chláir i gcomhairle lena chéile.

19.9 Beidh an ceart ag TG4 agus ag an Léiritheoir socruithe a dhéanamh, i gcomhairle lena chéile, chun a cheadú do phearsanra preasa agus poiblíochta agus do ghrianghrafadóirí grianghraif a thógáil, agallaimh a dhéanamh, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bpreas agus le poiblíocht a dhéanamh, le linn léiriú an Chláir ag na Stiúideonna nó in aon suíomh eile.

19.10 Geallann an Léiritheoir, agus aontaíonn sé, go soláthróidh sé cibé seirbhísí fógraíochta agus poiblíochta a éileoidh TG4 le réasún, ach sin faoi réir aisíocaíocht a thabhairt don Léiritheoir i leith a chaiteachas réasúnach réamhcheadaithe.

20.1 CÓIPCHEART SA CHLÁR AGUS SA CHLÁR IDIRNÁISIÚNTA

Coimeádfaidh an Léiritheoir an cóipcheart sa Chlár agus sa Chlár Idirnáisiúnta ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt, lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain, mura rud é go gcomhaontaíonn an Léiritheoir a mhalairt go frithpháirteach le TG4.

20.2 ÚINÉIREACTH AR AN ÁBHAR SEACHADTA

Ar mhaithe le feidhmiú na gceart a dheonaítear do TG4, déanann an Léiritheoir an úinéireacht ar an Ábhar Seachadta a aistriú leis seo do TG4. Beidh úinéireacht ag an Léiritheoir ar na fuíollghearrthóga/míreanna gearrtha.

21. OIBLEAGÁIDÍ AGUS BARÁNTAÍ

Barántaíonn an Léiritheoir, geallann sé agus comhaontaíonn sé le TG4 mar a leanas:-

21.1 is ionann an Comhaontú agus oibleagáid dhlíthiúil, bhailí, cheangailteach atá in-fhorfheidhmithe i gcoinne an Léiritheora de réir a théarmaí;

21.2 roimh shannadh na gceart a dheonaítear do TG4 sa Chomhaontú, ba é an Léiritheoir an t-úinéir aonair iomlán dlíthiúil tairbhiúil gan eire ar an gClár agus ar an Ábhar Seachadta agus bhí na cearta go léir sa chéanna faighte aige, saor ó aon lian, ó aon éileamh agus ó aon eire agus ó gach lian, ó gach éileamh agus ó gach eire, ach sin faoi réir chearta IMRO i leith an cheoil agus na liricí atá ann sa Chlár, agus faoina réir sin amháin;

21.3 ní sháraíonn aon ní atá ann sa Chlár nó san Ábhar Seachadta aon cheart cóipchirt, aon cheart trádmailc, aon cheart príobháide, aon cheart poiblíochta nó aon cheart eile d'aon chineál eile de chuid aon duine, gnólachta nó cuideachta nó níl aon ní den sórt sin graosta nó leabhaileach nó diamhaslach nó clúmhilleach agus beidh gach comhaontú a bhaineann le húsáid tráchtála ceoil agus aon ábhair eile d'aon chineál sa Chlár faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4 roimh fhorghníomhú;

21.4 tá an ceart dochúlghairthe faighte ag an Léiritheoir nó, tráth Seachadta, beidh sé tar éis an ceart dochúlghairthe a fháil, chun úsáid a bhaint as ainmneacha, ainmneacha gairme, grianghraif agus beathaisnéisí an Phearsanra Léiriúcháin ar fad agus chun úsáid a bhaint as a nguthanna agus as aon ghrianghraif nó taifeadtaí den Phearsanra Léiriúcháin, ar fud an domhain ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt, lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú, chun an Clár a shaothrú faoin gComhaontú, mar aon leis na cearta aonair eisiacha marsantaithe i seirbhísí, agus i dtoradh sheirbhísí, an Phearsanra Léiriúcháin i dtaca leis an gClár, agus ar na seirbhísí sin agus ar thoradh na seirbhísí sin;

21.5 beidh an Buiséad dá dtagraítear sa Chomhaontú ina mheastachán iomlán, bona fide, cruinn ar an gcostas iomlán a ghabhann le léiriú an Chláir lena mbaineann sé agus áirítear ann soláthar leordhóthanach do na caiteachais go léir a bhaineann leis an gClár, lena n-áirítear, gan teorainn, aon chostas agus gach costas a bhaineann le ceadúnais cheoil agus ceadúnais eile agus caiteachais réamhscaoilte, phoiblíochta nó chaidreamh poiblí agus muirir úis agus beidh sé leordhóthanach chun a chumasú don Léiritheoir an Clár a chríochnú agus a sheachadadh ar TG4 de réir na n-oibleagáidí a ghlacann sé air féin sa Chomhaontú;

21.6 déanfaidh an Léiritheoir Conarthaí Léiriúcháin maidir leis na Stiúideonna agus na Suímh, agus déanfaidh sé gach Conradh Léiriúcháin eile, go tráthúil de réir an Sceidil Léiriúcháin don Chlár;

21.7 ní tharraingeoidh an Léiritheoir ná an Pearsanra Léiriúcháin droch-chlú ar TG4;

21.8 comhlíonfaidh an Léiritheoir agus an Pearsanra Léiriúcháin beartais agus treoirlínte atá eisithe ag TG4 ó am go ham agus comhlíonfaidh siad an reachtaíocht agus na rialacháin infheidhme go léir, lena n-áirítear, gan teorainn, ceanglais maidir le sláinte agus sábháilteacht agus treoirlínte maidir le cosaint leanaí;

21.9 glacfaidh an Léiritheoir, agus forfheidhmeoidh sé, beartais fostaíochta atá i gcomhréir le deiseanna comhionanna agus fostóidh sé criú atá inniúil ó thaobh

gairmiúlachta de le haghaidh léiriú an Chláir de réir gnáthshocruithe agus i slí ina gcomhlíontar an reachtaíocht agus na rialacháin iomchuí; agus comhlíonfaidh an Léiritheoir gach ceanglas agus oibleagáid reachtúil, agus gach ceanglas agus oibleagáid eile, a bhaineann le fostóirí agus, gan dochar do ghinearáltacht an méid sin roimhe seo, is air amháin a bheidh freagracht i ndáil le fostú, luach saothair, cánacha, ceadanna inimirce agus oibre an phearsanra ar fad a bheidh fostaithe i leith léiriú agus sheachadadh an Chláir de bhun an Chomhaontaithe agus, má iarrtar air déanamh amhlaidh, déanfaidh an Léiritheoir faisnéis agus doiciméid i ndáil leis an méid sin roimhe seo a thabhairt do TG4 go pras de réir mar a éileoidh TG4.

21.10 déanfaidh an Léiritheoir, ar éileamh a fháil, cóipeanna de gach Conradh, imréiteach, comhaontú agus ábhar eile a bhaineann le léiriú an Chláir a chur ar fáil do TG4 agus admhaíonn sé go mbeidh TG4 ag brath ar bharántaí an Léiritheora sa Chomhaontú;

21.11 geallann an Léiritheoir a chinntiú go ndéanfar fógra agus eolas faoi aon fhadhbanna ionchasacha dlí a chur in iúl do TG4 tamall maith roimh chraoladh an Chláir agus roimh cheadú ghearradh deiridh an Chláir ionas gur féidir bearta cuí a ghlacadh chun dliteanas ionchasach a sheachaint agus soláthróidh sé cúnamh cuí do TG4;

21.12 má tharlaíonn aon éileamh, díospóid, caingean, eascaire nó toghairm a éiríonn as an gClár nó i ndáil leis, comhaontaíonn an Léiritheoir agus TG4 mionsonraí iomlána a thabhairt don pháirtí eile a luaithe is féidir agus ní shocróidh siad aon ní den sórt sin gan dul i gcomhairle leis an bpáirtí eile i dtosach ar choinníoll, áfach, i gcás ina ndéantar líomhain clúmhillte nó díspeagtha cúirte, go mbeidh TG4 i dteideal déileáil leis an ábhar de réir mar is mian leis;

21.13 is é an Léiritheoir “údar” agus déantóir aonair an Cláir de réir bhrí an Achta Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000, agus is duine cáilitheach é, de réir bhrí an Achta sin, gach tráth ábhartha le linn léiriú an Chláir;

21.14 tá an ceart faighte ag an Léiritheoir nó, tráth Seachadta, beidh sé tar éis an ceart a fháil agus na cearta eile (lena n-áirítear i leith an Phearsanra Léiriúcháin) chun saothrú an Chláir agus an Chláir Idirnáisiúnta a cheadú in aon mheán, agus i ngach meán, ar aon mhodh nó slí ar fud an domhain go suthain gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir, mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt le TG4.

21.15 clár ardchaighdeán Gaeilge a bheidh ann sa Chlár agus san Ábhar Seachadta agus beidh sárcháilíocht theicniúil ann atá oiriúnach le haghaidh saothrú tráchtála agus comhlíonfaidh sé gach oibleagáid chreidiúna scáileáin agus fógraíochta agus gach oibleagáid eile i leith tríú páirtithe;

21.16 beidh gach cuid den Chlár cosanta faoi chóipcheart reachtúil agus faoi chóipcheart dlí choitinn i ngach tír ina gcloítear le Coinbhinsiún Berne agus le haon choinbhinsiún nó comhaontú iomchuí eile lena rialaítear cearta maoine intleachtúla agus, roimh na cearta a dheonaítear do TG4 a dhéantar anseo, ba é an Léiritheoir an

t-úinéir aonair dlíthiúil, tairbhiúil gan eire ar an Ábhar Seachadta agus ar na cearta uile sa Chlár;

21.17 gach tráth le linn an Clár a léiriú, beidh na hEilimintí Riachtanacha ann agus comhlíonfaidh sé na hEilimintí Riachtanacha;

21.18 ní dhéanfaidh an Léiritheoir aon athrú, nó ní cheadóidh sé aon athrú, ar aon script scannáin nó script scannánaithe ná ar aon ábhar liteartha eile atá ceadaithe ag TG4 ar shlí a d'fhéadfadh athrú ábharach a dhéanamh ar nádúr nó ar charachtar an Chláir nó ní athróidh sé teideal an Chláir gan toiliú a fháil ó TG4 roimh ré;

21.19 déanfaidh an Léiritheoir, go tráthúil, gach íocaíocht atá dlite do dhaoine atá i dteideal íocaíocht a fháil i leith seirbhísí nó earraí nó saoráidí a thugtar nó a sholáthraítear nó i leith cearta a dheonaítear i leith an Chláir;

21.20 ní bheidh aon táillí iníoctha le TG4 i leith aon saothair ceoil atá ann sa Chlár seachas le IMRO i leith chraoladh an tsaothair ceoil sin ag TG4;

21.21 ní bheidh aon ní sa Chlár a d'fhéadfadh aon dualgas rúndachta a shárú nó a d'fhéadfadh a bheith ina dhíspeagadh cúirte nó a d'fhéadfadh foráil aon reachta, lena n-áirítear aon fhorálacha den Acht Craolacháin 2009, nó rialacháin arna ndéanamh de bhun an Achta sin, a shárú;

21.22 comhlíonfaidh an Léiritheoir gach cód infheidhme de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann nó a chomharba;

21.23 ní dhéanfaidh an Léiritheoir, gan toiliú a fháil ó TG4 roimh ré, aon fhaisnéis d'aon chineál i dtaca le gnó TG4, leis an gClár nó leis an gComhaontú a nochtadh, a sceitheadh nó a phoibliú agus déileálfadh an Léiritheoir leis na nithe sin ar fad ar bhonn rúnda agus cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go ndéanfaidh an Pearsanra Léiriúcháin agus gach duine a ndéanann an Léiritheoir conradh leo maidir leis an gClár an clásal seo 21.23 a urramú go docht;

21.24 Más rud é go mbeidh fearais, seiteanna nó ítimí eile (ar a dtugtar "Fearais" le chéile) faighte, tógtha nó déanta ag an Léiritheoir, nó thar ceann an Léiritheora ar mhaithe leis an gClár a léiriú, beidh TG4 i dteideal a cheangal go ndéanfar úinéireacht agus sealbhú na bhFearas sin a aistriú go pras chuig TG4 arna iarraidh sin i gcás ina bhféadfadh sé go dteastódh na Fearais sin ó TG4 chun cláir eile a léiriú, nó chun léiriú clár eile a choimisiúnú, ina dhiaidh sin is cuma cé acu an Léiritheoir nó chuideachta léiriúcháin eile atá i gceist don choimisiúniú.

21.25 roimh dháta an Chomhaontaithe, tá an Léiritheoir tar éis gach fóras a nochtadh do TG4 i ndáil le gnó, gealltanais, sócmhainní agus gnóthaí an Léiritheora agus a Chomhlach, ar fórais iad atá ábhartha i dtaca le léiriú, seachadadh agus saothrú an Chláir agus ar nithe iad, dá nochtfaí iad, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chinneadh TG4 i dtaobh an Léiritheoir a choimisiúnú chun an Clár a léiriú de bhun an Chomhaontaithe;

21.26 ní dhearnadh ná ní dhéanfar aon urrús a dheonú d'aon tríú páirtí i leith an Chláir ná i leith an Chuntais Léiriúcháin ná na Fearais mura rud é gur thug TG4 a thoiliú i leith an urrúis agus, freisin, i leith na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús sin;

21.27 tá conraitheoirí agus fostaithe a bhfuil Gaeilge acu ar fostú, agus leanfaidh siad de bheith ar fostú, ag an Léiritheoir ina ghnó, lena n-áirítear, gan teorainn, i dtaca le léiriú agus seachadadh an Chláir agus déanfaidh an Léiritheoir mionsonraí faoi na conraitheoirí agus na fostaithe sin a sholáthar do TG4, má iarrtar amhlaidh;

21.28 comhlíonfaidh sé ceanglais na reachtaíochta cosanta sonraí infheidhme go léir i leith sonraí pearsanta a fhaightear i dtaca leis an gClár, lena n-áirítear An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679);

21.29 geallann an Léiritheoir TG4 a shlánú agus TG4 a choimeád faoi shlánaíocht gach tráth ar gach caingean, imeacht, éileamh, costas (lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht na forála seo, costais dlí TG4 ar bhonn aturnae agus cliaint dhílis), dámhachtain, damáiste, agus i gcoinne na nithe sin go léir, is cuma conas a éiríonn siad, go díreach nó go neamhdhíreach, as aon sárú nó neamhchomhlíonadh ag an Léiritheoir maidir le haon ghealltanais, barántaí nó oibleagáidí de chuid an Léiritheora faoin gComhaontú.

22. LEABHAIR AGUS TAIFID

22.1 Barántaíonn an Léiritheoir go bhfuil nochtadh iomlán cothrom déanta aige do TG4 maidir le gach socrú airgeadais agus gach socrú conarthach a bhaineann leis an gClár agus maidir le gach ceart agus leas de chuid an Léiritheora agus a Chomhlach i leith cearta, maoin, seirbhísí nó saoráidí a úsáidtear i ndáil leis an gClár.

22.2 Geallann an Léiritheoir agus comhaontaíonn sé taifid agus leabhair chuntais iomlána, chruinne agus chúí a choimeád maidir le léiriú an Chláir mar aon le gach sonrasc, dearbhán, admháil agus taifead eile a thugann fianaise ar chaiteachais agus ar mhuirir arna dtabhú maidir le léiriú an Chláir. Geallann an Léiritheoir na taifid léiriúcháin sin a choimeád agus a chothabháil ar feadh na tréimhse 3 bliana tar éis sheachadadh an Chláir nó ar feadh cibé tréimhse is faide ná sin a iarrfaidh TG4 má dhéantar an iarraidh sin roimh dheireadh na tréimhse sin.

22.3 Beidh an ceart ag TG4 aon tráth, ar fhógra réasúnach a thabhairt roimh ré, gach leabhar agus taifead a bhaineann leis an gClár a scrúdú agus a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil díobh.

22.4 Geallann an Léiritheoir go ndéanfaidh sé, laistigh de 60 lá ó Sheachadadh an Chláir, ráiteas iomlán mionsonraithe ina luaitear na hítimí go léir a bhaineann le Costas Léiriúcháin an Chláir, agus é deimhnithe, má iarrann TG4 amhlaidh, ag gnólacht cuntasóirí arna cheadú ag TG4, agus ina bhfuil cur síos mion ar gach suim a caitheadh iarbhir maidir le léiriú an Chláir, a chur faoi bhráid TG4. Más rud é go bhfuil Clár ina chuid de shraith Clár déanfar an tréimhse dá dtagraítear thuas a ríomh

le héifeacht ó Sheachadadh an Chláir deiridh i ngach luchtóg nó grúpa arna hainmniú nó arna ainmniú ag TG4 chun críocha cuntasáíochta.

22.5 Beidh ag gabháil le ráiteas Chostas Léiriúcháin an Chláir Foirm um Chartlann Eolais na gClár ina mbeidh sonraí faoi chéannacht, faoi sheoltaí agus faoi théarmaí iomchuí fostaíochta conarthaí gach duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal luach saothair cothrom a fháil i ndáil leis an gClár de bhun théarmaí na reachtaíochta iomchuí go léir lena gcuirtear Treoir 2006/115/CE i bhfeidhm.

23. FOIRCEANNADH

Is ionann an méid seo a leanas agus séanadh ag an Léiritheoir ar a oibleagáidí faoin gComhaontú agus beidh TG4 i dteideal (gan oibleagáid a bheith air) glacadh le séanadh den sórt sin, agus oibleagáidí TG4 agus chearta an Léiritheora faoin gComhaontú a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn, is é sin le rá, más rud é:-

23.1 go bhfuil sárú déanta ag an Léiritheoir ar aon téarma ábhartha den Chomhaontú ar sárú é nach féidir é a leigheas nó, más féidir é a leigheas, nach leigheastar é laistigh de 7 lá ón tráth a fhaigheann an Léiritheoir fógra i scríbhinn ina leith ó TG4;

23.2 go dtarlóidh go bhfaighfear amach go raibh aon cheann d'uirill an Léiritheora maidir leis an gClár mícheart tráth a dhéanta nó go dtiocfaidh sé nó siad chun bheith mícheart go hábhartha dá mba rud é nach ndéanfaidh aon Léiritheoir réasúnach na huirill sin agus an t-eolas céanna aige an tráth sin;

23.3 go ndéanfaidh an Léiritheoir nó a Chomhlach aon chuid dá shócmhainní a aistriú nó a dhiúscairt, nó go ndéanfaidh sé bagairt aon chuid dá shócmhainní a aistriú nó a dhiúscairt, agus, dá dhroim sin, gurb é tuairim réasúnach TG4 go gcoiscfeadh an Léiritheoir, nó go gcuirfeadh isteach air go hábhartha, a mhéid a bhaineann leis an Léiritheoir do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú;

23.4.1 nach bhfuil an Léiritheoir nó a Chomhlach in ann a fhiacha a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite;

23.4.2 maidir le haon fhéichiúnas, ráthaíocht nó oibleagáid den tsamhail chéanna de chuid an Léiritheora nó a Chomhlaigh nó aon ráthóra de chuid an Léiritheora nó a Chomhlaigh, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dlite, nó gur féidir a dhearbhu é nó í a bheith dlite, roimh an dáta aibíochta a luaitear ina leith nó nach n-urscaoiltear é nó í ag an tráth aibíochta nó go ndéanfaidh an Léiritheoir nó a Chomhlach nó aon ráthóir de chuid an Léiritheora nó a Chomhlaigh mainneachtain faoi aon ráthaíocht nó oibleagáid eile (cibé acu iarbhír nó teagmhasach) de chuid aon chomhaontaithe, ar dá bhun a tabhaíodh aon fhéichiúnas, ráthaíocht nó oibleagáid den sórt sin, nó go ndéanfaidh sé sárú ar fhorálacha aon ráthaíocht nó oibleagáid den sórt sin, agus dá dhroim sin, gurb é tuairim réasúnach TG4 go ndéanfaidh na nithe sin go léir nó aon cheann acu difear ábhartha dá chearta agus dá theidil faoin gComhaontú;

23.5.1 go ndearbhófar an Léiritheoir a bheith, nó go dtiocfaidh sé chun bheith, dócmhainneach nó féimheach;

23.5.2 go ndearbhófar Comhlach de chuid an Léiritheora a bheith, nó go dtiocfaidh sé chun bheith, dócmhainneach nó féimheach rud ar dóigh dó, i dtuairim réasúnach TG4, an Léiritheoir a chosc, nó cur isteach a dhéanamh ar an Léiritheoir go hábhartha, a mhéid a bhaineann leis an Léiritheoir do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú;

23.6 go gcomórfaidh an Léiritheoir cruinniú dá chreidiúnaithe nó go molann sé, nó go ndéanfaidh sé, aon chomhshocraíocht nó imshocraíocht lena chreidiúnaithe nó aon sannadh chun tairbhe a chreidiúnaithe nó go dtíolacfar achainí nó go gcomórfar cruinniú chun rún a bhreithniú, nó go nglacfar bearta eile, maidir le foirceannadh an Léiritheora (ach amháin d'fhonn athchóiriú toilteanach nó cónascadh arna cheadú i scríbhinn ag TG4 roimh ré agus gurb é sin a tharlaíonn) nó más rud é go nglacfaidh eireadóir seilbh ar a ghnó nó ar a shócmhainní go léir nó ar aon chuid de nó díobh nó go gceapfar iontaobhaí, glacadóir, leachtaitheoir nó oifigeach den tsamhail chéanna ina leith nó go ndéanfar aon tochtal, forghníomhú nó próis dhlíthiúil eile a thobhach, a bhagairt, a chur i bhfeidhm nó a agairt i leith aon cheann de na sócmhainní sin, nó go dtarlóidh imeacht den tsamhail chéanna i leith Chomhlach de chuid an Léiritheora, rud ar dóigh dó, i dtuairim réasúnach TG4, an Léiritheoir a chosc, nó cur isteach a dhéanamh ar an Léiritheoir go hábhartha, a mhéid a bhaineann leis an Léiritheoir do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú;

23.7.1 roimh sheachadadh an Chláir, go n-athrófar rialú an Léiritheora gan ceadú a fháil roimh ré ó TG4, i gcás ina gciallaíonn rialú an chumhacht chun bainistíocht agus beartais an Léiritheora a threorú;

23.7.2 roimh sheachadadh an Chláir, go n-athrófar rialú Comhlaigh de chuid an Léiritheora gan ceadú a fháil roimh ré ó TG4, rud ar dóigh dó, i dtuairim réasúnach TG4, an Léiritheoir a chosc, nó cur isteach a dhéanamh ar an Léiritheoir go hábhartha, a mhéid a bhaineann leis an Léiritheoir do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú;

23.8 go mbeidh Imeacht Force Majeure tar éis tarlú agus go leanann sé ar feadh 14 lá as a chéile nó sa chomhiomlán nó gurb é tuairim réasúnach TG4 gur dóigh go mairfidh sé ar feadh na tréimhse sin; nó

23.9 go dtarlaíonn sárú ar aon chomhaontú eile idir TG4 agus an Léiritheoir nó a chuideachta ghaolmhar (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 2014) nó stiúrthóir de chuid an Léiritheora nó stiúrthóir de chuid a chuideachta gaolmhaire.

24. CÚRAM A GHABHÁIL

Beidh an ceart ag TG4 déanamh an Chláir a ghabháil chuige féin agus a chríochnú agus na cearta atá leagtha amach i gclásal 25 a fheidhmiú trí fhógra a thabhairt don Léiritheoir i scríbhinn aon tráth tar éis aon cheann de na nithe seo a leanas tarlú:-

24.1 má chreideann TG4 de mheon macánta, tar éis dul i gcomhairle leis an Léiritheoir, ach de lánrogha TG4, gur dóigh go rachaidh Costas Léiriúcháin iarbhír an

Chláir thar an mBuiséad nó gur dóigh go dtitfidh léiriú an Chláir go mór ar gcúl i dtaca leis an Sceideal Léiriúcháin de;

24.2 más rud é, aon tráth, go rachaidh iomlán an chaiteachais agus na ndliteanas arna dtabhú i ndáil le léiriú an Chláir thar 110% den chostas buiséadaithe (mar atá sonraithe sa Bhuiséad, gan an Táille Léiriúcháin agus Cistí Teagmhasacha, más ann, a áireamh) don chéim den léiriúcháin atá sroichte ag an gClár an tráth sin nó go dtitfidh léiriú an Chláir go mór ar gcúl i dtaca leis an Sceideal Léiriúcháin de;

24.3 má mhainníonn an Léiritheoir déanamh de réir aon treoracha réasúnacha a thabharfaidh TG4 nó a Ionadaí Léiriúcháin;

24.4 go mbeidh Imeacht Force Majeure tar éis tarlú agus go leanann sé ar feadh 14 lá as a chéile nó sa chomhiomlán nó gurb é tuairim réasúnach TG4 gur dóigh go mairfidh sé ar feadh na tréimhse sin; nó

24.5 má tharlaíonn Imeacht Mainneachtana nó gurb é tuairim réasúnach TG4 go dtarlóidh Imeacht den sórt sin.

25. IARMHAIRTÍ A GHABHANN LE CÚRAM A GHABHÁIL AGUS/NÓ LE FOIRCEANNADH

25.1 Gan dochar do chearta dlíthiúla na bpáirtithe (seachas aon cheart atá ar neamhréir leis na forálacha seo a leanas) is iad na hiarmhairtí a ghabhann le foirceannadh an Chomhaontaithe nó le TG4 d'fheidhmiú a ceart maidir le cúram a ghabháil chuige féin de bhun chlásal 24:-

25.1.1. déanfaidh an Léiritheoir aon suimeanna a bheidh á sealbhú ag an Léiritheoir chun críocha an Chomhaontaithe tráth an fhoirceanta a aisíoc le TG4 ar iad a éileamh agus tabharfaidh an Léiritheoir do TG4 láithreach ráiteas mionsonraithe ar ioncam agus ar chaiteachas suas go dáta an fhoirceanta, mar aon le mionsonraí iomlána faoi gach fiach neamhíochta agus faoi gach gealltanais atá amuigh agus nach bhfuarthas aon sonraisc ina leith;

25.1.2 déanfaidh an Léiritheoir gach cuid den Chlár a bheidh críochnaithe agus gach doiciméad, gach píosa scannánaíochta agus na fuaimthaifeadtaí, na Fearais, an gléasra, an t-innealra agus an t-ábhar fisiciúil eile go léir d'aon chineál a fuair nó a chruthaigh an Léiritheoir i ndáil leis an gClár suas go dáta an fhoirceanta a sheachadadh ar TG4 nó ar a ainmnitheach ar éileamh chuige sin a fháil ó TG4 agus déanfaidh an Léiritheoir úinéireacht ar gach cuid den Chlár agus ar gach ábhar eile, lena n-áirítear fuíollghearrthóga/míreanna gearrtha agus na Fearais a aistriú do TG4;

25.1.3 beidh an ceart ag TG4 nó ag a ainmnitheach leas a bhaint as gach maoin, saoráid, soláthar, trealamh, doiciméad agus ábhar, de chineál fisiciúil, a bhaineann leis an gClár;

25.1.4 beidh an ceart ag TG4 nó ag a ainmnitheach maoirsiú agus rialú ar dhéanamh an Chláir a ghlacadh chuige féin agus/nó aon tríú páirtí a cheapadh, agus conradh a dhéanamh le haon tríú páirtí den sórt sin, chun léiriú an Chláir a chríochnú;

25.1.5 is é TG4, nó aon duine a ainmneoidh sé, gníomhaire an Léiritheora, agus déantar TG4 nó aon duine a ainmneoidh sé a cheapadh go dochúlghairthe mar ghníomhaire an Léiritheora, agus rogha iomlán agus cumhacht aige chun aon cheart de chuid an Léiritheora (cibé acu faoi aon chonradh nó eile) a bhaineann le déanamh an Chláir a fheidhmiú nó a shannadh ar son agus thar ceann an Léiritheora;

25.1.6 déanfaidh an Léiritheoir an cóipcheart ar fad agus gach ceart eile sa Chlár (mar aon le tairbhe sciar an Léiritheora den Fhormáid i gcás comhúinéireacht a bheith i gceist maidir leis an bhFormáid) a shannadh do TG4 ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt, lena n-áirítear gach athnuachan, gach frithdhílse agus gach fadú agus, más féidir, go suthain;

25.1.7 ar iarraidh a fháil chuige sin, déanfaidh an Léiritheoir sannadh foirmiúil a fhorghníomhú i bhfabhar TG4 nó a ainmnithigh i leith thairbhe aon chomhaontuithe arna ndéanamh ag an Léiritheoir agus a bhaineann le déanamh an Chláir;

25.1.8 comhaontaíonn an Léiritheoir TG4 a shlánú i gcoinne dliteanais a éireoidh as aon ghníomh nó neamhghníomh calaoiseach nó faillíoch de chuid an Léiritheora le linn cearta an Léiritheora a fheidhmiú ar choinníoll go bhféadfaidh TG4, más rud é go gcinneadh sé, dá lánrogha féin, nach féidir an Clár a chríochnú ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, tréigean léiriú an Chláir a dhearbhu trí fhógra a thabhairt don Léiritheoir i scríbhinn.

25.2 I gcás ina dtarlaíonn foirceannadh tar éis sárú ag an Léiritheoir, má mhéadaítear an costas iomlán a ghabhann le críochnú an Chláir de réir an Chomhaontaithe, íocfaidh an Léiritheoir an costas breise le TG4 trí asbhaint ó aon airgead is iníoctha ag TG4 leis an Léiritheoir nó mar ghnáthfhiach is iníoctha ar é a éileamh ar choinníoll nach bhfágfaidh aon ní atá sa chlásal seo go ndlífidh an Léiritheoir íoc as aon eilimint de Chostas Léiriúcháin aon Chláir más rud é go bhfuil costas na heiliminte sin iomarcach agus gur thabhaigh TG4 nó a ainmnitheach an costas sin go neamhréasúnach.

25.3 Mura bhforáiltear a mhalairt, beidh foirceannadh an Chomhaontaithe gan dochar do dheonú ceart ná do na barántaí agus na gealltanais a thug ceachtar páirtí ná do gach oibleagáid agus slánaíocht eile a d'éirigh nó a tugadh roimh fhoirceannadh agus leanfaidh gach ceann acu d'fheidhm agus d'éifeacht iomlán a bheith acu tar éis foirceannadh d'ainneoin foirceannadh a bheith déanta.

26. SAINMHÍNITHE

26.1 Beidh na bríonna seo a leanas ag na focail agus ag na habairtí dá dtagraítear sa Chomhaontú:-

"Ábhar Poiblíochta"

Ábhar poiblíochta agus ábhar eile a bhaineann leis an gClár agus ar ábhar é is gnách le TG4 a cheangal ar léiritheoirí neamhspleácha a sholáthar de bhun comhaontuithe coimisiúnaithe cláir.

"Ábhar Seachadta"

Na hábhair sin i leith an Chláir atá sonraithe sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Ábhar Tríú Páirtí"

Aon ábhar agus gach ábhar (lena n-áirítear ábhar cartlainne) atá ionchorpraithe, nó a úsáidtear, i ndáil leis an gClár agus ar ina leith atá aon chearta cóipchirt nó cearta eile d'aon chineál dílsithe do thríú páirtithe nó faoina rialú.

"An Sceideal Sreabhaidh Airgid"

An sceideal sreabhaidh airgid a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Buiséad"

An Buiséad atá i gceangal leis an gConradh Coimisiúnaithe Cláir agus arb é atá ann ná Táille na gCeart agus an Cothromas Inghnóthaithe.

"Cearta Coimeádta"

Na cearta sin sa Chlár seachas na cinn sin a dheonaíonn an Léiritheoir do TG4 faoin Chomhaontú.

"Cearta Dáileacháin"

Na cearta a shonraítear i gclásal 19 i leith an Chláir agus i leith an Chláir Idirnáisiúnta.

"Cearta Díola Gearrthóg"

Na cearta a shonraítear i gclásal 17.3 i leith an Chláir.

"Cearta Foghabhálacha"

Na cearta a shonraítear i gclásal 17.2 i leith an Chláir.

"Cearta Príomha/Ilardáin"

Na cearta a shonraítear i gclásal 17.1. 2 i leith an Chláir.

"Cearta Tánaisteacha"

Na Cearta Foghabhálacha agus na Cearta Díola Gearrthóg.

"Cistí Barrachais"

Aon ghearrchaitheamh maidir leis an mBuiséad arna chinneadh ag TG4 de bhun chlásal 11.

"Cistí Teagmhasacha"

Airgead atá ainmnithe sa Bhuiséad mar airgead atá le húsáid i ndáil leis na hÍtimí Teagmhasacha amháin.

"Clá(i)r Idirnáisiúnta"

Gach uile leagan de Chlár a léiríonn an Léiritheoir, nó a léirítear thar ceann an Léiritheora, cé is moite den leagan Gaeilge den Chlár.

"Clá(i)r"

Aon Chlár eipeasóide aonair nó aon sraith ileipeasóide Clár a léiríonn an Léiritheoir do TG4 faoi Chonradh Coimisiúnaithe Cláir agus a léirítear go príomha sa Ghaeilge agus ina n-áirítear codanna den Chlár agus gach fuaimthaifeadadh atá ann i bhfuaimrian an Chláir agus sleachta as fuaimthaifeadtaí agus/nó as scannáin eile atá ionchorpraithe sa Chlár, mar aon le hábhar bolscaireachta, fotheidil, láithreáin ghréasáin a bhaineann leis an gClár, feidhmchláir idirghníomhacha agus ábhar eile a léiríonn an Léiritheoir de bhun an Chomhaontaithe Coimisiúnaithe Cláir.

"Comhaontú"

Is ionann an Comhaontú agus aon Chonradh Coimisiúnaithe Cláir a dhéanann TG4, mar aon le gach aguisín agus sceideal a ghabhann leo agus mar aon leis na Téarmaí agus Coinníollacha Clár atá ionchorpraithe sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir, agus tagairt á déanamh dóibh le chéile.

"Comhlach"

Aon chuideachta nó duine atá comhlachaithe, go díreach nó go neamhdhíreach, leis an Léiritheoir, nó atá faoina rialú díreach nó neamhdhíreach, lena n-áirítear aon fhochuideachta nó cuideachta shealbháíochta nó eintiteas bainteach eile faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

"Conarthaí Léiriúcháin"

Aon chomhaontú agus gach comhaontú a dhéanann an Léiritheoir agus a bhaineann le haon cheann de na hEilimintí Riachtanacha, leis an bPearsanra Léiriúcháin, leis an Suíomh, leis an Stiúideo nó le haon ní d'aon chineál eile a bhaineann leis an gClár.

"Conradh Coimisiúnaithe Cláir"

An conradh coimisiúnaithe cláir nó an conradh ilbhiantúla coimisiúnaithe cláir a fhorghníomhaíonn TG4 agus an Léiritheoir agus a bhfuil na Téarmaí agus Coinníollacha Clár ionchorpraithe ann.

"Costais Dáileacháin"

An coimisiúin/ coimisiúin gníomhaire díolacháin agus costais dáileacháin TG4 nó an Léiritheora (agus a dháileoir agus fodháileoir) nach mó a mhéid iomlán ná 30% de na hOllfháltais.

"Costas Léiriúcháin"

An costas iomlán díreach agus neamhdhíreach a ghabhann le réamhléiriú, léiriú, iarléiriú agus seachadadh an Chláir lena n-áirítear, gan teorainn, an costas a ghabhann le gach obair forbartha agus le bunchearta agus cearta eile a fháil agus le cearta i leith Ábhar Tríú Páirtí a fháil.

"Cothromas Inghnóthaithe"

An méid a ranníocann TG4 don Bhuiséad de bhreis ar mhéid Tháille na gCeart agus tá an méid sin inghnóthaithe ina iomláine ag TG4 ón Léiritheoir as saothrú na gCeart Dáileacháin ag an Léiritheoir.

"Cuntas Léiriúcháin"

Cuntas bainc ar leithligh in ainm an Léiritheora agus ina n-aithnítear an Clár trína ainm a lua agus arna bhunú faoi shainordú ina luaitear go ndéanfar gach suim a íocfar isteach sa chuntas a shealbhú ar iontaobhas do TG4.

"Dáta an Chéad Chraolacháin"

An dáta a ndéanann TG4 Clár a chur ar fáil den chéad uair (nó, más sraith atá i gceist, an dáta a gcuirtear an eipeasóid deiridh den tsraith sin ar fáil) don phobal nó a seachadann TG4 an Clár don phobal ar aon ardán NÓ an dáta atá 9 (naoi) mí tar éis do TG4 glacadh le Seachadadh an Chláir, cibé dáta acu is túsce (ar choinníoll nach ionann réamhbhlaiseadh nó ábhar poiblíochta a chur ar fáil don phobal roimh chraoladh tosaigh an Chláir ar fad agus "an chéad chraolachán" chun críocha an tsainmhíne seo).

"Dáta Seachadta"

An dáta nó na dátaí a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Eilimintí Riachtanacha"

Na heilimintí sin a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"EURIBOR"

Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro.

"Foirm um Chartlann Eolais na gClár"

An fhoirm eolas sin a shonróidh TG4 ó am go ham.

"Formáid"

Na saintréithe de chuid an Chláir ar dá réir is féidir an Clár a shainaithe mar chlár ag a bhfuil féiniúlacht uathúil bhunúil agus modh uathúil bunúil léiriúcháin agus ar clár é ar féidir é a dhíol mar "formáid" de réir mar a thuigtear an téarma sin sa tionscal léiriúcháin closamhairc, scannánaíochta agus teilifíse.

"Glanbhrabúis"

Na suimeanna a shaothraíonn TG4 nó an Léiritheoir i leith shaothrú tráchtála an Chláir, nó an Chláir Idirnáisiúnta, ar aon mhodh tar éis asbhaint aon Chostais Dáileacháin agus/nó tar éis asbhaint aon suimeanna comhaontaithe maidir le hiarchur.

"Imeacht Force Majeure"

Aon ghníomh nó imeacht nach bhfuil neart ag an Léiritheoir ná ag TG4 air agus a chuireann isteach, nó ar dóigh dó cur isteach, ar léiriú aon Chláir.

"Imeacht Mainneachtana"

Aon cheann de na himeachtaí a shonraítear i gclásal 23.

"IMRO"

Irish Music Rights Organisation.

"Ionadaí Léiriúcháin"

An duine nó na daoine sin a bheidh ceaptha ag TG4 i ndáil le haon Chláir.

"Ítimí Teagmhasacha"

Imthosca dochracha a d'fhéadfadh a bheith ann agus a shaináithnítear sa Bhuiséad lena n-áirítear, gan teorainn agus ar mhodh sampla amháin, droch-aimsir, easláinte, taisteal neamhphleanáilte.

"Léiritheoir"

Ciallaíonn an Léiritheoir "an Léiritheoir" a ainmnítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Ollfháltais"

An méid iomlán a fhaightear i leith shaothrú tráchtála an Chláir, nó an Chláir Idirnáisiúnta, ar aon mhodh roimh asbhaint aon Chostais Dáileacháin agus/nó roimh asbhaint aon mhéideanna comhaontaithe maidir le hiarchur.

"Pearsanra Léiriúcháin"

Na hoifidigh, na rannpháirtithe agus an pearsanra go léir a thugann seirbhísí nó a sholáthraíonn earraí, saoráidí nó airgeadas i leith an Chláir nó an Ábhair Seachadta.

"Rátaí Cárta Rátaí"

Cárta rátaí TG4 a chomhaontaítear idir TG4 agus SPI agus ina sonraítear na rátaí athnuachana ceadúnais atá iníoctha ag TG4 le Léiritheoirí i leith athfháil Ceart Príomha/Ildáin ag TG4.

"Sceideal Léiriúcháin"

An sceideal do léiriú an Chláir atá sonraithe sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Seachadadh"

Ábhair Seachadta arna seachadadh ag an Léiritheoir chuig TG4 de réir fhorálacha an Chomhaontaithe.

"Sonraíochtaí Teicniúla"

Sonraíochtaí teicniúla TG4.

"Stiúideonna"

Cibé stiúideonna (más ann) a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Suímh"

Na suímh sin (más ann) a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Táille Léiriúcháin"

An táille sin (nó na táillí sin) ar cuid den Bhuiséad í (nó iad) agus a shonraítear sa Chonradh Coimisiúnaithe Cláir.

"Táille na gCeart"

An táille a mhuirearaítear i leith cearta a shannann an Léiritheoir do TG4.

"Tréimhse an Dara Ceadúnais"

An tréimhse 5 bliana agus 7 lá ón dáta a n-athfhaigheann TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár ón Léiritheoir tar éis do TG4 an rogha maidir le hathfháil na gCeart Príomha/Ilardáin a fheidhmiú tar éis dheireadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.

"Tréimhse Deich mBliana"

An tréimhse atá comhionann leis an Tréimhse Tosaigh Ceadúnais móide an Dara Tréimhse Cheadúnais móide Tréimhse Rogha TG4.

"Tréimhse Rogha TG4"

An tréimhse 12 sheachtain (dhá sheachtain déag) dar tús deireadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.

"Tréimhse Tosaigh Ceadúnais"

An tréimhse dar tosach tráth sínithe an Chonartha Coimisiúnaithe Cláir agus dar críoch 5 bliana agus 7 lá ó Dháta an Chéad Chraolacháin.

26.2 Déanfar aon tagairt sa Chomhaontú d'aon reacht nó d'aon fhoráil reachtúil a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn an reacht sin nó an fhoráil reachtúil sin arna leasú, arna m(h)odhnú, arna leathnú nó arna (h)athachtú ó am go ham cibé acu roimh dháta an Chomhaontaithe nó dá éis agus do gach ionstraim, ordú agus rialachán reachtúil arna ndéanamh de thuras na huaire dá b(h)un nó a fhaigheann bailíocht uaidh nó uaiti.

26.3 Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, áireofar an uimhir iolra i bhfocail atá san uimhir uatha agus vice versa.

26.4 Ciallaíonn an focal "cóipcheart" an cóipcheart agus an ceart deartha iomlán atá ar marthain faoi dhlíthe na hÉireann agus gach ceart ar aon dul leis atá ar marthain faoi dhlíthe gach uile dhlínse ar fud an domhain.

26.5 Mura luaitear a mhalairt, beidh an t-am ina bhuntréith chun críocha chomhlíonadh oibleagáidí an Léiritheora faoin gComhaontú.

26.6 Mura luaitear a mhalairt, baineann aon tagairtí do chlásail, d'fhochlásail, d'fhomhíreanna, do sceidil, d'iarscríbhinní agus d'fhoilseáin leis an gComhaontú.

26.7 Ní féidir an Comhaontú a shannadh gan toiliú TG4.

26.8 Ciallóidh gach tagairt sna Téarmaí agus Coinníollacha Clár seo do toiliú TG4 toiliú i scríbhinn ó TG4 agus, faoi réir chlásal 19.2(e), féadfaidh TG4 an toiliú sin a dheonú nó a choimeád siar dá rogha féin.

26.9 Glacann na páirtithe leis, trína sínithe leictreonacha ar leithligh a chur leis an gComhaontú trí leas a bhaint as córas sínithe leictreonaigh DocuSign no córas sínithe leictreonaigh eile, go bhfuil sé beartaithe acu a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú seo.

27. GINEARÁLTA

27.1 Rúndacht agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

27.1.1 Geallann an Léiritheoir téarmaí an Chomhaontaithe a choimeád faoi rún. Ní choiscfidh an dualgas rúndachta sin ar aon eagraíocht ghairmiúil a bheith páirteach in uiríll a bheidh á ndéanamh chuig TG4 ná i gcomhráite a bheidh ar siúl le TG4.

27.1.2 Tagann TG4 faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. I gcás ina bhfaighidh TG4 iarraidh ar fhaisnéis a bhaineann leis an gClár, rachaidh TG4 i gcomhairle leis an Léiritheoir i leith na hiarrata. Sainaitheoidh an Léiritheoir aon fhaisnéis nach bhfuil le nochtadh ar fhorais a bhaineann le rúndacht nó íogaireacht tráchtála, agus luafaidh sé na cúiseanna leis an íogaireacht sin. Rachaidh TG4 i gcomhairle leis an Léiritheoir faoi fhaisnéis rúnda nó faoi fhaisnéis lena ngabhann íogaireacht tráchtála sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarraidh Shaorála Faisnéise.

27.2 Fógra

27.2.1 Déanfar aon fhógra nó aon chumarsáid eile i scríbhinn atá le tabhairt faoin gComhaontú a sheachadadh go pearsanta nó seolfar leis an bpost cláraithe nó le ríomhphost é nó í. Is é an duine teagmhála i leith TG4 an tArd-Stiúrthóir agus is é an duine teagmhála i leith an Léiritheora an duine a dtugann an Léiritheoir fógra do TG4 ina leith.

27.2.2 Maidir le tráth seirbheála gach fógra, measfar iad a bheith seirbheáilte: má sheirbheáiltear go pearsanta iad, tráth an tseachadta; má sheoltar leis an bpost cláraithe iad, tráth éagtha thréimhse 48 n-uaire an chloig tar éis an clúdach ina raibh an céanna a thabhairt faoi choimeád na n-údarás poist (gan é a bheith curtha ar ais gan seachadadh); agus, má sheoltar le ríomhphost iad, an lá féilire tar éis iad a tharchur.

27.3 Intéarfacht

Más rud é go gcinnefar go bhfuil foráil de chuid an Chomhaontaithe, nó, mar mhalairt air sin, foráil de chuid comhaontaithe tríú páirtí, ar neamhní agus/nó neamh-infhorfheidhmithe, nó, thairis sin, go bhfuil sí contrártha d'aon dlí, nó go sáraíonn sí aon dlí, agus, dá dhroim sin, go bhfuil foráil de chuid an Chomhaontaithe

lena ngabhann an éifeacht chéanna agus/nó éifeacht den tsamhail chéanna leis an bhforáil réamhluaithe ar neamhní agus/nó neamh-infhorfheidhmithe, nó, thairis sin, go bhfuil sí contrártha d'aon dlí, nó go sáraíonn sí aon dlí, ansin féadfaidh an páirtí a dtugann an fhoráil sin tairbhe dó a éileamh ar an bpáirtí eile, tar éis fógra a thabhairt, comhairle a ghlacadh leis de mheon macánta a luaithe is indéanta le réasún. Seolfar an comhairliúchán sin d'fhonn leasú a dhéanamh ar an gComhaontú tríd an bhforáil sin a théarbhadh agus a scriosadh agus foráil mhalartach nó leasú a chaibidil de mheon macánta, ar foráil í nó ar leasú é a thabharfaidh éifeacht d'intinn na bpáirtithe ar dháta an doiciméid seo agus a sholáthróidh tairbhí atá coibhéiseach leo sin a raibh na páirtithe ag súil leo ar dháta an doiciméid seo.

27.4 Force Majeure

Ní bheidh ceachtar páirtí faoi dhliteanas don pháirtí eile i gcás mainneachtain aon oibleagáid a chomhlíonadh de bhun an Chomhaontaithe ar mainneachtain í a éireoidh de dhroim Imeacht Force Majeure tarlú agus ní thabhóidh ceachtar páirtí aon dliteanas maidir le haon chaiteachais nó cailteanais, cibé acu díreach nó iarmhartach nó eile, a fhuilaingeoidh an páirtí eile mar thoradh ar Imeacht Force Majeure den sórt sin tarlú.

27.5 Gan Oibleagáid a Bheith Ann an Clár a chur ar fáil don phobal

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a fhorchuireann aon oibleagáid ar TG4 an Clár a chur ar fáil don phobal.

27.6 Comhaontú Iomlán

Áirítear sa Chomhaontú an tuiscint chríochnaithe go léir idir na páirtithe agus glacann sé ionad gach socraithe agus tuisceana roimhe sin, cibé acu i scríbhinn nó ó bhéal, a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe agus ní fhéadfar é a athrú ach amháin le hionstraim i scríbhinn arna síniú ag na páirtithe go léir sa Chomhaontú.

27.7 Tarscaoileadh

Maidir le haon mhainneachtain nó moill de chuid aon cheann de na páirtithe sa Chomhaontú i ndáil le feidhmiú aon chirt, cumhachta, pribhléide nó leighis a sholáthraítear faoin gComhaontú, ní oibreoidh sí mar tharscaoileadh aon chirt, cumhachta, pribhléide nó leighis den sórt sin nó mar tharscaoileadh aon sáraithe roimhe sin nó ina dhiaidh sin ag an bpáirtí eile sa Chomhaontú ná ní choiscfidh aon fheidhmiú aonair nó páirteach ar aon cheart, cumhacht, pribhléid nó leigheas feidhmiú eile nó breise ar an gceart, ar an gcumhacht, ar an bpribhléid nó ar an leigheas sin nó ar aon cheart, cumhacht, pribhléid nó leigheas eile a sholáthraítear sa Chomhaontú agus is nithe leithleacha agus carnacha iad sin uile agus níl siad eisiach óna chéile nó ó aon chearta nó leigheasanna eile atá ar fáil ag páirtí de réir dlí.

27.8 Gan Comhpháirtíocht ná Gníomhaireacht a Bheith ann

Ní mheasfar gurb ionann an Comhaontú agus comhpháirtíocht nó comhfhiontar nó conradh fostaíochta idir na páirtithe. Ní hionann aon ní agus ní lena gceaptar an Léiritheoir mar ghníomhaire TG4 agus ní dhéanfaidh an Léiritheoir aon chonradh, ná ní airbheartóidh sé aon chonradh a dhéanamh, thar ceann TG4.

27.9 An Dlí Rialaitheach

Beidh an Comhaontú faoi rialú, agus forléireofar é de réir, dhlíthe na hÉireann arb iad a cúirteanna na cúirteanna dlínse inniúla.